# CEISTNEOIR DON CHOIMISINÉIR AINMNITHE

## Dan JØRGENSEN

## Fuinneamh agus Tithíocht

**1. Inniúlacht ghinearálta, tiomantas don Eoraip agus neamhspleáchas pearsanta**

*Cad iad na gnéithe de do chuid cáilíochtaí agus de do thaithí phearsanta atá thar a bheith ábhartha chun go bhféadfá dul i gceann poist mar Choimisinéir agus chun go bhféadfá leas ginearálta na hEorpa a chur chun cinn, go háirithe sa réimse a mbeifeá freagrach as? Conas a rannchuideoidh tú le treoirlínte polaitiúla an Choimisiúin a chur chun feidhme? Conas a dhéanfaidh tú príomhshruthú inscne a chur chun feidhme agus gné na hinscne a chomhtháthú i ngach réimse beartais de do shainchúraimí? Conas a dhéanfaidh tú príomhshruthú na hóige a chur chun feidhme?*

*Cad iad na ráthaíochtaí neamhspleáchais atá tú in ann a thabhairt don Pharlaimint, agus cén chaoi a gcinnteofá nach ndéanfadh aon ghníomhaíochtaí a rinne tú roimhe seo, atá ar siúl anois agat nó a bheidh ar siúl amach anseo agat, an bonn a bhaint ón tslí a gcomhlíonfaidh tú do chuid dualgas sa Choimisiún?*

Tá an tAontas Eorpach ina chuid ríthábhachtach de mo shaol gairmiúil go dtí seo, agus bhí i gcónaí. Toghadh chuig Parlaimint na hEorpa mé agus mé 29 mbliana d’aois agus bhí sé de phribhléid agam a bheith sa ról sin ar feadh beagnach 10 mbliana.

Mar Fheisire de Pharlaimint na hEorpa, bhí meas ollmhór agam ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an ról ríthábhachtach atá aici maidir le todhchaí na hEorpa a mhúnlú agus tairbhí follasacha á gcur ar fáil aici dár saoránaigh an tráth céanna. Fuair mé léargas ar na castachtaí a bhaineann le ceapadh beartais an Aontais, rud a neartaigh an tuairim atá agam go bhfuil tábhacht ag baint le bheith ag obair i gcomhar le chéile chun torthaí fiúntacha a bhaint amach.

In 2013, d’fhill mé ar an Danmhairg chun bheith i m’Aire Bia, Talmhaíochta agus Iascaigh go dtí 2015, agus toghadh chuig Parlaimint na Danmhairge mé ina dhiaidh sin. Ó 2019 go dtí le déanaí, bhí mé i m’Aire Aeráide, Fuinnimh agus Fóntas agus, ina dhiaidh sin, bhí mé i m’Aire Comhair um Fhorbairt agus Beartais Aeráide Domhanda, róil ina raibh mé freagrach as ionadaíocht a dhéanamh ar an Danmhairg i gComhairle an Aontais Eorpaigh i bhfoirmíochtaí éagsúla agus as reachtaíocht an Aontais a chur chun feidhme araon. Sna na róil sin, fuair mé tuiscint láidir freisin ar an gcaoi a ndéanann cinntí ar leibhéal an Aontais difear do na Ballstáit sa phróiseas cur chun feidhme. Thairis sin, an tréimhse a chaith mé mar Aire Fuinnimh le linn na géarchéime fuinnimh a d’eascair as ionradh na Rúise ar an Úcráin, ba thréimhse dhúshlánach í a chuir dúshlán mór roimh an gcomhar náisiúnta agus comhar an Aontais maidir le slándáil fuinnimh, agus dhearbhaigh sí an tábhacht a bhaineann leis an aistriú fuinnimh maidir le hathléimneacht chóras fuinnimh an Aontais.

Má cheaptar mé, creidim gur féidir leis an eolas atá agam ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle araon a bheith ina bhuntáiste i ról an Choimisinéara. Ag an am céanna, tuigim go hiomlán go mbeidh i bhfad níos mó le foghlaim agus an fhreagracht nua seo orm.

Le blianta beaga anuas, bhí mé rannpháirteach go gníomhach i gcaibidlíocht idirnáisiúnta i gcomhthéacs Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) agus in eagraíochtaí ar nós an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh (IEA), an Banc Domhanda agus Banc Forbartha na hAfraice. Leis an taithí sin, tá eolas forleathan agam ar an taidhleoireacht agus caibidlíocht idirnáisiúnta, agus tá súil agam go gcuirfidh sé sin leis an obair a dhéanann an Coimisiún Eorpach chun ionadaíocht a dhéanamh ar an Aontas ar an leibhéal domhanda.

Tá saincheisteanna fuinnimh, aeráide agus comhshaoil i gcroílár na nithe a spreagann mé. Ní hamháin gur riachtanas comhshaoil é an t-aistriú glas, ach is deis shóisialta agus eacnamaíoch é freisin. Is féidir leis an aistriú glas iomaíochas a spreagadh, poist a chruthú, agus rochtain a thabhairt do níos mó saoránach ar fhuinneamh glan inacmhainne agus tithíocht níos inbhuanaithe agus níos inacmhainne, agus beimid cinnte nach bhfágfaimid aon duine ar lár. Rinne mé obair leanúnach ar an sprioc sin agus mé sa Danmhairg, go háirithe le Gníomh Aeráide na Danmhairge agus leis an gcaibidlíocht ar roinnt comhaontuithe polaitiúla maidir le fuinneamh. Is réimsí beartais casta agus ilghnéitheacha iad fuinneamh agus tithíocht a bhfuil tuiscint dhomhain ag teastáil ar na gnéithe teicniúla agus polaitiúla a bhaineann leo. Is cinnte go bhfuil go leor le foghlaim agam fós. Mar sin féin, leis an taithí atá agam, creidim go bhfuil mé réidh rannchuidiú go héifeachtach agus a bheith oscailte, an tráth céanna, do shaineolas agus do threoir mo chomhghleacaithe agus Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa.

Mar a cuireadh i dtábhacht i dTreoirlínte Polaitiúla an Choimisiúin, is colún lárnach é an fuinneamh chun dul i ngleic leis na príomhdhúshláin atá os comhair an Aontais: an costas maireachtála agus bochtaineacht fuinnimh; iomaíochas na ghnólachtaí na hEorpa agus poist ghlasa d’oibrithe na hEorpa; laghdú na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa agus dícharbónú ár ngeilleagair; soláthar fuinnimh ghlain inacmhainne a dhaingniú agus neodracht na teicneolaíochta á cinntiú an tráth céanna; agus ról geopholaitiúil an Aontais sa taidhleoireacht fuinnimh a neartú, ag tosú leis an Úcráin agus le comharsanacht na hEorpa.

Má dheimhnítear m’ainmniúchán mar Choimisinéir, measaim go bhfuil sé d’oibleagáid orm dul i ngleic leis na dúshláin sin i ndlúthchomhar leis na Coimisinéirí eile chun rannchuidiú le hEoraip níos inbhuanaithe, níos rathúla agus níos iomaíche a thógáil, d’fhonn ár gceannasacht agus ár sochaithe a neartú agus ár múnla sóisialta á chaomhnú agus á threisiú an tráth céanna.

Ós rud é go bhfuil dlúthnasc idir na dúshláin uile, is amhlaidh atá na beartais agus na gníomhaíochtaí nach mór dúinn a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, mar shampla:

- borradh a chur faoi infheistíochtaí san fhuinneamh glan, ag tosú leis an gcreat dlíthiúil le haghaidh 2030 a chur chun feidhme, iomaíochas tionsclaíoch a neartú agus an costas maireachtála agus táirgthe a laghdú le haghaidh theaghlaigh ghnólachtaí na hEorpa. Déanfar é sin tríd an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, an Plean Gníomhaíochta maidir le Praghsanna Fuinnimh Inacmhainne agus an Straitéis maidir le hInfheistíochta Glana, mar shampla, agus tríd an tAontas Fuinnimh a neartú in éineacht le Ballstáit an Aontais le rialachas láidir.
- aistriú fuinnimh sóisialta, cóir agus iomaíoch a chinntiú trí oibriú le tionscal fuinnimh na hEorpa agus le ceardchumainn chun an t-aistriú a dhéanamh cuimsitheach go sóisialta agus inmharthana ó thaobh an gheilleagair de.
- astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus ár gcóras fuinnimh a dhícharbónú a thuilleadh, agus an Comhaontú Glas don Eoraip i dtreo na haeráidneodrachta in 2050 á bhaint amach an tráth céanna.
- rannchuidiú le praghsanna a ísliú trínár mbonneagar eangaí a uasghrádú agus trí chóras fuinnimh atá slán, athléimneach agus idirnasctha a thógáil. Tacófar leis an méid thuas trí Phlean Gníomhaíochta um Leictriú a leagan síos, agus trí threochlár a leagan amach chun deireadh a chur le hallmhairí fuinnimh na Rúise.
- taidhleoireacht fuinnimh na hEorpa a neartú inár gcomharsanacht féin - trí oibriú leis an Úcráin agus obair a dhéanamh ar ghné fuinnimh an mhéadaithe - agus ar an leibhéal domhanda.

Agus iniúchadh á dhéanamh ar na sineirgí iomlána atá faoi mo shainchúraimí maidir le ‘fuinneamh’ agus ‘tithíocht’, déanfaimid Plean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne a chur chun cinn chun tacú leis na milliúin daoine óga agus teaghlach a bhíonn ag streachailt le tithíocht inacmhainne a fháil, agus beimid ag brath ar thacaíocht Pharlaimint na hEorpa agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha uile. Leagfaidh mé béim mhór ar éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh agus rannchuideoidh mé leis an gcéad straitéis AE i gcoinne na Bochtaineachta trí ghníomhaíochtaí praiticiúla a dhéanamh chun torthaí follasacha a bhaint amach, cuir i gcás costais fuinnimh agus bochtaineacht fuinnimh a laghdú ar fud na hEorpa. Ní hamháin go neartóidh sé sin ár gcomhtháthú sóisialta ach cuirfidh sé freisin lenár bhfás eacnamaíoch, agus lenár n-iomaíochas i dtreo Eoraip níos inbhuanaithe agus níos rathúla.

Ní théann beartais an Aontais chun tairbhe do shaoránaigh na hEorpa ach amháin má léirítear leo an éagsúlacht ar fud ár mór-roinne agus má chuirtear chun feidhme iad le cur chuige cuimsitheach. Is gné thábhachtach é inscne, chomh maith le cine, gnéaschlaonadh, cúlra socheacnamaíoch, míchumais, aois agus ciontuithe. Tacóidh mé le cur chun feidhme na Straitéise um Chomhionannas Inscne 2020-2025 ar fud na réimsí atá faoi m’inniúlacht agus cuirfidh mé rúin ábhartha ó Pharlaimint na hEorpa san áireamh go cuí. Agus aird á tabhairt agam ar an ngné inscne atá faoi mo fhreagracht, féachfaidh mé lena chinntiú go gcuirfear an riachtanas sin san áireamh go hiomlán i ngach ceann de mo thionscnaimh. Ina theannta sin, cinnteoidh mé go mbeidh m’fhoireann féin cothrom ó thaobh inscne de.

Beidh tionchar ag beartais an lae inniu maidir le saol ghlúin na ndaoine óga atá ann faoi láthair agus na nglúnta atá le teacht, go háirithe na beartais a bhaineann le tithíocht agus foirgnimh, mar aon le foinsí in-athnuaite fuinnimh, teicneolaíochtaí ísealcharbóin agus go leor eile. Mar iar-Fheisire óg de Pharlaimint na hEorpa, cinnteoidh mé go mbeidh rannpháirtíocht an aosa óig i gcroílár mo ghníomhaíochta. Óstálfaidh mé Idirphlé Beartais bliantúil leis an Aos Óg, ag tosú sa chéad 100 lá de mo shainordú, chun deis rialta a thabhairt do dhaoine óga tuairimí a mhalartú liom maidir le príomhábhair agus príomhthionscnaimh, atá mar chuid de mo shainchúraimí, tabharfaidh mé tuilleadh tacaíochta don chlár Ambasadóirí Óga Fuinnimh chun pobal daoine óga a chruthú a spreagann an t-aistriú chuig an bhfuinneamh glan.

Gníomhóidh mé go hiomlán i gcomhréir le fuarlitir agus spiorad na gConarthaí agus an Chóid Iompair do Choimisinéirí. Ní thógfaidh mé treoracha ó aon rialtas ná ó aon eintiteas eile, agus gníomhóidh mé i gcónaí ar mhaithe le leas na hEorpa. Rachaidh mé i mbun comhrá le saoránaigh agus páirtithe leasmhara ábhartha. Déanfaidh mé mo dhícheall i gcónaí freisin oibriú ar bhealach fíoras-bhunaithe, agus an eolaíocht á leanúint agam agus na fíricí mar threoraíocht dom. Táim tiomanta do na caighdeáin eiticiúla is airde agus tá urraim iomlán agam d'éirim agus spiorad Chonarthaí an Aontais agus don oibleagáid a bheidh orm gníomhú ar mhaithe le leas na hEorpa. I gcás ina dtiocfadh aon staid chun cinn a d'fhéadfadh coinbhleacht leasa a bheith mar thoradh air, nó ina bhféadfaí mo neamhchlaontacht a cheistiú, cuirfidh mé Uachtarán an Choimisiúin ar an eolas láithreach. Tá mo dhearbhú leasanna poiblí agus iomlán, agus geallaim go gcinnteoidh mé go dtabharfar cothrom le dáta é má thagann athrú ar mo chúinsí pearsanta.

**2. Na sainchúraimí a bhainistiú agus comhar le Parlaimint na hEorpa**

*An féidir leat gealltanas a thabhairt an Pharlaimint a chur ar an eolas go cuí faoi do chuid gníomhaíochtaí agus gníomhaíochtaí do chuid ranna? I do thuairim, cén tslí a bhfuil tú cuntasach don Pharlaimint?*

*Cad iad na gealltanais shonracha atá tú sásta a thabhairt maidir le do rannpháirtíocht leis an bParlaimint agus a bheith i láthair sa Pharlaimint, sa choiste agus sa suí iomlánach araon, ó thaobh trédhearcachta, comhair agus obair leantach éifeachtach ar sheasaimh na Parlaiminte agus iarrataí ar thionscnaimh reachtacha? Maidir le tionscnaimh bheartaithe nó nósanna imeachta reatha, an bhfuil tú toilteanach faisnéis thráthúil agus doiciméid a sholáthar don Pharlaimint ar an mbonn comhionann céanna agus a dhéantar leis an gComhairle?*

I bhfianaise mo thaithí roimhe seo mar Fheisire de Pharlaimint na hEorpa agus mar Aire náisiúnta, táim go hiomlán ar an eolas faoin ról cinntitheach a chomhlíonann an Pharlaimint mar chomhreachtóir, mar shampla maidir le fuinneamh agus tithíocht. Má dheimhníonn Parlaimint na hEorpa m'ainmniúchán, beidh mé lántiomanta don dlúthchomhar leis an bParlaimint maidir leis na saincheisteanna go léir a thagann faoi mo shainchúraimí.

Mar shampla, chinnteoinn an leibhéal is airde rannpháirtíochta le Parlaimint na hEorpa ar bhealach oscailte agus trédhearcach, ag comhoibriú dom de mheon macánta agus lánurraim á tabhairt agam don Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr agus don Chreat-Chomhaontú idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún. Ar bhonn mo thaithí mar Fheisire, creidim go bhfuil an dlúthchomhar sin ríthábhachtach chun comhdhearcadh a chothú i bhfianaise tionscnaimh a bheidh ann amach anseo, chun oibriú go héifeachtúil agus go dlúth lenár saoránaigh Eorpacha agus ar son na saoránach sin.

Is í Parlaimint na hEorpa an t-aon institiúid a thoghtar go díreach a dhéanann ionadaíocht ar shaoránaigh Eorpacha agus is mian liom freastal ar na saoránaigh sin. Mar sin, is nádúrtha go dtabharfaidh tusa chun cuntais mé, agus ba mhaith liom gurb mar sin a bheidh.

Beidh mé i láthair go rialta sa suí iomlánach agus sna coistí ábhartha araon agus is féidir libh brath ar idirphlé substainteach cuiditheach liom. Maidir leis an mbeartas fuinnimh, bheadh Coiste ITRE ina phríomh-idirghabhálaí, agus d'oibreoinn go dlúth le Feisirí de Pharlaimint na hEorpa sna coistí eile freisin. Chun beartas lanfheidhme tithíochta a fhorbairt san Eoraip, beidh Coiste EMPL, ar coiste é a raibh baint aige leis an ábhar tábhachtach seo cheana, ina chomhpháirtí ríthábhachtach in éineacht le Coiste IMCO agus Coistí REGI go háirithe. Mar sin féin, is féidir go mbeidh coistí eile ábhartha chun oibriú leo ar shaincheisteanna éagsúla.

Ghlacfainn freagracht pholaitiúil orm féin as na gníomhaíochtaí i mo réimse inniúlachta agus chuirfinn an Pharlaimint ar an eolas go tráthrialta faoi ghníomhaíochtaí atá ar na bacáin, rud a threiseodh an mhuinín fhrithpháirteach, an trédhearcacht agus malartú faisnéise idir na hinstitiúidí. Ar mhaithe leis an Aontas agus lenár saoránaigh, is féidir libh brath orm éisteacht go dlúth le do thuairimí agus feidhmiú mar idirghabhálaí macánta, naisc a chothú agus teacht ar chomhréitigh chothroma ag gach céim de nósanna imeachta reachtacha.

I gcomhréir leis an gCreat-Chomhaontú, táim lántiomanta freisin mo sheacht ndícheall a dhéanamh chun a chinntiú go gcuirfear ar fáil freagairt an Choimisiúin ar rúin ó Pharlaimint na hEorpa laistigh de 3 mhí. Táim réidh chun rannchuidiú leis an obair leantach a dhéanfaidh an Pharlaimint ar thionscnaimh Airteagal 225 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Dhéanfainn mo sheacht ndícheall glacadh le hiarrataí ar chruinnithe, le litreacha agus le ceisteanna ó Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa chomh maith agus atá ar mo chumas agus chomh tapa agus is féidir. Bheinn tiomanta freisin rannchuidiú leis an gcleachtadh clársceidealúcháin ilbhliantúil ag an téarma nua seo agus leis an 'Dearbhú Comhpháirteach maidir le Tosaíochtaí an Aontais'. Ina theannta sin, táim tiomanta i gcónaí faisnéis agus tuairimí a mhalartú maidir le clár oibre an Choimisiúin mar a comhaontaíodh sa Chreat-Chomhaontú.

Baineann an méid thuas leis an gcreat institiúideach don chomhar leis an bParlaimint seo. Ach bígí cinnte faoi seo, má dheimhníonn an Pharlaimint m'ainmniúchán mar Choimisinéir, beidh mo spiorad pearsanta agus mo thiomantas don chomhar le linn ár n-idirghníomhaíochtaí chomh tábhachtach céanna - nó níos tábhachtaí - le téacs an chreata fhoirmiúil seo.

<u>Ceisteanna an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta</u>

*3. Tá a lán daoine thíos leis mar gheall ar easpa tithíochta inacmhainne. Conas a chinnteoidh tú go mbeidh, a bhuí leis an gcéad Phlean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne riamh, arna fhógairt ag Uachtarán toghaí an Choimisiúin, Ursula von der Leyen, dóthain tithíocht inacmhainne ann chun freastal ar riachtanais tithíochta na ngrúpaí ísealioncaim agus meánioncaim? Cad iad na gníomhaíochtaí nithiúla atá beartaithe agat a dhéanamh, go háirithe chun a chinntiú go bhfágfaidh an Plean go bhféadfar an infheistíocht phoiblí agus phríobháideach is gá a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh tithíocht inacmhainne agus inrochtana, mar aon le deiseanna, ann do chách? Conas a ráthóidh tú an prionsabal 'tús áite don tithíocht' óir is léir é a bheith éifeachtach, ó thaobh an gheilleagair agus na sochaí de, i ndáil le deireadh a chur leis an easpa dídine? Cén cur chuige a ghlacfaidh tú i leith na réadmhaoine príobháidí i gcomhthéacs aon ghníomhaíocht a dhéanfaidh an tAontas i réimse na tithíochta? Conas a áiritheoidh tú go n-oibreoidh tú i ndlúthchomhar leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin ainmnithe, Roxana Mînzatu, sa chomhthéacs sin?*

Chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim tithíochta, teastaíonn réitigh áitiúla, náisiúnta agus Eorpacha uainn. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar an chéad Choimisinéir riamh ag a bhfuil sainchúraimí tiomnaithe maidir le tithíocht, oibreoidh mé as lámh a chéile le Parlaimint na hEorpa, na Ballstáit, na húdaráis áitiúla agus na páirtithe leasmhara ábhartha uile chun cuidiú le difríocht dhearfach a dhéanamh ar mhaithe le daoine, go háirithe daoine óga agus teaghlaigh a bhíonn ag streachailt le tithíocht inacmhainne a fháil ar fud na hEorpa.

I gcomhréir leis an litir mhisin a cuireadh chugam, déanfaidh an Coimisiún an chéad Phlean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne riamh a chur ar aghaidh. Cuirfidh an Plean cúnamh teicniúil ar fáil do chathracha agus do na Ballstáit, cuirfidh sé infheistíochtaí chun cinn agus díreoidh sé ar na scileanna atá ag teastáil san earnáil tithíochta. Áireofar ann freisin straitéis le haghaidh tógáil tithíochta chun borradh a chur faoin soláthar tithíochta go háirithe (féach Ceist 11 chun tuilleadh sonraí a fháil). Chun an plean a fhorbairt, bainfimid leas as an taithí atá ann cheana amhail an Tionscnamh Eorpach um Thithíocht Inacmhainne, lena ndéantar athchóiriú cuimsitheach ar 100 'Ceantar Tí Solais' ar fud na hEorpa ar bhonn píolótach. Ceann de na príomhcheachtanna atá foghlamtha agam is ea a thábhachtaí atá cur chuige cuimsitheach lena mbaineann Parlaimint na hEorpa agus na páirtithe leasmhara ábhartha eile uile – an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach, an soláthar agus an t-éileamh. Dá bhrí sin, ceapfaidh mé an plean i ndlúthchomhar leis na príomhpháirtithe leasmhara uile san earnáil tithíochta.

Beidh sé mar thosaíocht agam comhoibriú níos fearr a bhunú le páirtithe leasmhara an éiceachórais tithíochta. Tacóidh Tascfhórsa tiomnaithe ina mbeidh seirbhísí ábhartha de chuid an Choimisiúin páirteach leis an obair. Áiritheoidh sé sin cur chuige comhleanúnach idir na beartais agus an cistiú uile a fhéadfaidh tacú leis an bplean agus cuideoidh sé le tógáil ar an obair agus ar an anailís a rinneadh go dtí seo. Ní mór dúinn freisin na huirlisí nua a tugadh isteach sa reachtaíocht le déanaí maidir le foirgnimh a chur chun feidhme go hiomlán. Beidh dlúth-idirphlé leis na húdaráis náisiúnta ríthábhachtach i ndáil leis an méid sin. Tacóimid le hobair an Choimisinéara um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus um Thaighde agus Nuálaíocht trí phobal an tionscnaimh Bauhaus Eorpach Nua a mhéadú sa chomhthéacs sin.

Chun inacmhainneacht tithíochta a fheabhsú, tá sé ríthábhachtach acmhainní breise poiblí agus príobháideacha a shlógadh. Tá ionstraimí ann ar leibhéal an Aontais cheana chun infheistíochtaí a mhealladh i dtithíocht inacmhainne agus tithíocht shóisialta amhail an clár InvestEU. Bainfimid leas as an taithí sin chun ardán infheistíochta uile-Eorpach a chur ar bun do thithíocht inacmhainne agus inbhuanaithe, ag obair leis an mBanc Eorpach Infheistíochta chomh maith le hinstitiúidí airgeadais idirnáisiúnta, bainc náisiúnta le haghaidh spreagadh,

agus páirtithe leasmhara ábhartha eile. Ina theannta sin, i gcomhréir leis an litir mhisin a cuireadh chugam, tacóidh mé leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Chomhtháthú agus Athchóirithe togra a fhorbairt lena gceadófar do na Ballstáit leachtacht a insealladh sa mhargadh tithíochta agus na hinfheistíochtaí beartais chomhtháthaithe atá beartaithe i dtithíocht inacmhainne a dhúbailt (féach Ceist 12 chun tuilleadh sonraí a fháil). Tacóidh mé freisin leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Aistriú Glan, Cóir agus Iomaíoch chun rialacha Státchabhrach a athbhreithniú chun bearta tacaíochta tithíochta a chumasú, go háirithe maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus tithíocht shóisialta (féach Ceisteanna 5 agus 9 chun tuilleadh sonraí a fháil). Is cuid lárnach den iarracht sin é an Ciste Aeráide Sóisialta a chur chun feidhme go tapa éifeachtach.

San Aontas Eorpach, tá thart ar 1 mhilliún duine gan dídean, agus tá méadú ag teacht ar líon na ndaoine sin i roinnt mhaith Ballstát le blianta beaga anuas. Tá an Coimisiún ag tacú cheana leis na páirtithe leasmhara ábhartha uile faoi scáth an Ardáin Eorpaigh chun an Easpa Dídine a Chomhrac. Tá sé léirithe gur cur chuige an-éifeachtach agus an-chostéifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar eisiamh tithíochta iad straitéisí 'Tús Áite don Tithíocht' lena dtugtar tús áite do sholáthar tithíochta buaine do dhaoine atá gan dídean, in éineacht le tacaíocht shóisialta. Tá an cur chuige sin á ionchorprú de réir a chéile i straitéisí náisiúnta chun an easpa dídine a chomhrac. Ina theannta sin, tá cistiú ón Aontas ag tacú le straitéisí tús áite don tithíocht, mar shampla trí Chiste Sóisialta na hEorpa Plus. Breathnóimid ar na heispéiris sin chun an chéad Phlean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne riamh a bhunú, chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na saoránach uile, lena n-áirítear na daoine is leochailí.

Is ar an leibhéal náisiúnta go príomha atá na freagrachtaí chun maoin phríobháideach a chosaint agus chun cur in aghaidh forghabháil neamhdhleathach. Sa réimse sin, is faoi na Ballstáit atá sé, lena n-áirítear údaráis bhreithiúnacha na mBallstát sin, dá bhrí sin, a áirithiú go ndéanfar cearta bunúsacha a urramú agus a chosaint go héifeachtach. Ar bhonn níos ginearálta, oibreoidh an Plean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne chun infheistíocht phríobháideach níos mó a spreagadh i soláthar tithíochta inacmhainne, rud a bhraitheann *inter alia* ar urraim do chearta maoine príobháidí.

Faoi cheannaireacht an Leas-Uachtaráin Feidhmiúcháin um Dhaoine agus Scileanna agus um Ullmhacht, seolfaidh an Coimisiún Straitéis AE i gcoinne na Bochtaineachta den chéad uair riamh chun cuidiú le daoine rochtain a fháil ar na seirbhísí fíor-riachtanacha agus ar an gcosaint is gá dóibh, agus chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na bochtaineachta. Oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin chun na sineirgí is mó is féidir a áirithiú idir an Plean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne agus Straitéis AE i gcoinne na Bochtaineachta. Is amhlaidh atá i gcás Aontas na Scileanna, lena n-áirítear an straitéis Eorpach nua um ghairmoideachas agus gairmoiliúint, a d'fhéadfadh a bheith ábhartha go háirithe chun scileanna a neartú in earnáil na tógála.

*4. Luaitear i do litir mhisin go mbeidh do chuid oibre ina cuidiú le haghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht fuinnimh agus le haistriú sóisialta, cóir agus iomaíoch a áirithiú. Cad iad na beartais atá beartaithe agat a chur chun feidhme chun iadsan is mó a mbíonn tionchar ag an mbochtaineacht fuinnimh orthu a chosaint, agus, ar an gcaoi sin, athchóiriú inacmhainne agus rochtain ar thithíocht ghlas a áirithiú? Conas a rachfar, leis an bPlean Gníomhaíochta le haghaidh Praghsanna Fuinnimh Inacmhainne, i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh? Cad iad na dreasachtaí sonracha atá beartaithe agat a chruthú chun forbairt fhadtéarmach na tithíochta glaise sóisialta agus poiblí agus na bhfoirgneamh glas mar aon le laghdú ar chostais fuinnimh d'úinéirí agus do thionóntaí araon a chothú?*

Ní fhágfar aon duine ar lár: is é sin an príomhphrionsabal a bhaineann le haistriú fuinnimh sóisialta, cóir agus iomaíoch. Ó bhí an ghéarchéim fuinnimh ann, tá méadú tagtha ar an mbochtaineacht fuinnimh agus ní raibh 47 milliún saoránach den Aontas (10,6 % de dhaonra an Aontais) in ann a dtithe a choinneáil te go leor in 2023. Is cuid lárnach d'aistriú cóir é aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht fuinnimh agus beidh tábhacht ag baint leis an mbochtaineacht fuinnimh inár mbeartas tithíochta amach anseo. Tá sé ríthábhachtach cosaint a thabhairt do ghrúpaí agus réigiúin leochaileacha atá thíos leis an mbochtaineacht fuinnimh, agus go háirithe réigiúin ghuail atá i mbun aistrithe, chun a áirithiú go mbainfidh gach saoránach tairbhe as an aistriú chuig fuinneamh glan.

Is féidir ról lárnach a bheith ag an éifeachtúlacht fuinnimh agus ag fearais fuinneamhéifeachtúla maidir leis an mbochtaineacht fuinnimh a mhaolú, tríd an éileamh ar fhuinneamh a laghdú, an bille fuinnimh do thomhaltóirí a laghdú agus fuinneamh a dhéanamh níos inacmhainne do dhaoine agus gnólachtaí. Chuir an Painéal Saoránach Eorpach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh moltaí cabhracha ar fáil níos luaithe i mbliana, amhail tomhaltóirí a chumhachtú le bheith fuinneamhéifeachtúil, go háirithe le lipéid táirgí a chuireann faisnéis ar fáil maidir le tomhaltas fuinnimh an táirge, nó trí thacaíocht a thabhairt chun foirgnimh chónaithe a athchóiriú chun iad a dhéanamh fuinneamhéifeachtúil. Déanfaidh mé measúnú ar conas is fearr is féidir na moltaí sin a chur chun feidhme le linn thréimhse an tsainordaithe seo.

Aithnítear i reachtaíocht an Aontais atá ann cheana agus sa Mholadh ón gCoimisiún maidir le bochtaineacht fuinnimh in 2023, chomh maith leis an gCiste Aeráide Sóisialta, an géarghá atá le dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh agus leis na daoine is mó atá thíos leis an mbochtaineacht fuinnimh a chosaint. Leagtar béim sa Treoir athmhúnlaithe maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh gur gá do na Ballstáit tosaíocht a thabhairt don bhochtaineacht fuinnimh ina mbearta agus ina n-infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh. Ina theannta sin, leis an athchóiriú a rinneadh ar Dhearadh an Mhargaidh Leictreachais a tháinig i bhfeidhm i mí Iúil, leagtar amach an oibleagáid maidir leis na daoine atá thíos leis an mbochtaineacht fuinnimh a chosaint ar dhíscor leictreachais. Tacaíonn an Tionscnamh maidir le Réigiúin Ghuail i mbun Aistrithe agus an Ciste um Aistriú Cóir cheana le pobail agus réigiúin ar mór a lorg guail agus carbóin, agus é d'aidhm acu go háirithe poist a chruthú i réigiúin ina bhféadfadh poist eile dul i léig.

Tabharfaidh Pacáiste Fuinnimh na Saoránach aghaidh ar an mbochtaineacht fuinnimh agus cuideoidh sé lena áirithiú go mbeidh rochtain ag cách ar an bhfuinneamh. I gcroílár an Phacáiste sin beidh comhpháirtíocht fheabhsaithe leis na Ballstáit chun feabhas a chur ar rochtain ar infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh i bhfoirgnimh, micrifhiontair agus FBManna, mar aon le rochtain ar fhuinneamh in-athnuaite. Ina theannta sin, tacóidh Pacáiste Fuinnimh na Saoránach le Straitéis AE i gcoinne na Bochtaineachta agus rannchuideoidh sé leis an bPlean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne. Chomh maith le saincheist na hinacmhainneachta, is minic nach mbíonn rochtain ag teaghlaigh leochaileacha ar fhaisnéis agus ar mhaoiniú le haghaidh feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh. Tríd an Mol Comhairleach maidir leis an bhFuinneamhbhochtaineacht – arna mholadh agus arna mhaoiniú ag Parlaimint na hEorpa – leanfaimid de bheith ag áirithiú go bhfaighidh údaráis áitiúla agus pobail áitiúla tacaíocht theicniúil chun bearta éifeachtacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

Tacóidh an Plean Gníomhaíochta le haghaidh Praghsanna Fuinnimh Inacmhainne (féach an freagra ar cheist 8) le bealaí nua chun fuinneamh a ídiú bunaithe ar phobail fuinnimh áitiúla agus ar chomhroinnt fuinnimh. Teastaíonn gníomhaíochtaí agus torthaí nithiúla uainn ar an láthair, agus oibreoidh mé leis na páirtithe leasmhara uile chun a áirithiú go gcuirfear táirgí agus seirbhísí nuálacha fuinnimh ar fáil do thomhaltóirí aonair agus corparáideacha.

Chun tacú leis na hiarrachtaí sin, má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis na Coimisinéirí eile chun a áirithiú go ndéanfaidh an Ciste Aeráide Sóisialta agus Cistí an Bheartais Comhtháthaithe an tacaíocht airgeadais is gá a chur ar fáil chun na daoine is leochailí a chosaint.

Tá pleanáil láidir ríthábhachtach chun forbairt tithíochta glaise agus foirgneamh glas a chothú. Ar bhealach nithiúil, tabharfaidh na Pleananna Náisiúnta Athchóirithe Foirgneamh dá bhforáiltear san athmhúnlú ar an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh treoir shoiléir do ghníomhaithe margaidh, lena n-áirítear tionscal na tógála agus institiúidí airgeadais. Is féidir leis na Pleananna sin an riosca a bhaineann le beartais stadacha a mhaolú freisin, ar beartais iad a ghortaigh an earnáil tógála san am atá thart ar an drochuair.

Mar a leagtar amach sa Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh agus sa Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, caithfear dreasachtaí airgeadais náisiúnta a dhíriú, mar thosaíocht, ar theaghlaigh leochaileacha, lena n-áirítear daoine a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh agus daoine atá ina gcónaí i dtithíocht shóisialta. Is minic a bhíonn saoránaigh atá thíos leis an mbochtaineacht fuinnimh ina gcónaí sna foirgnimh is neamhfheidhmiúla agus is lú inslithe san Aontas, ar gá iad a athchóiriú mar thosaíocht. Ba cheart sciar ionadaíoch d'fhoirgnimh ar cíos a áireamh in athchóiriú foirgneamh cónaithe ionas gur féidir le tionóntaí tairbhe a bhaint as billí fuinnimh níos ísle agus as tithe níos fearr. Tabharfaidh mé aghaidh ar na bacainní atá roimh fhoinsí in-athnuaite díláraithe agus áitiúla a ghiniúint chun forbairt na hearnála sin a chur chun cinn. Beidh na breithnithe sin ina gcuid lárnach de Phlean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne.

Ar deireadh, oibreoidh mé le páirtithe leasmhara i ngach réimse chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh agus chun forbairt fhadtéarmach na tithíochta glaise, sóisialta agus poiblí a chothú.

*5. Maítear i do litir mhisin go n-oibreoidh tú i gcomhar leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Aistriú Glan, Cóir agus Iomaíoch chun na rialacha Státchabhrach a leasú i dtreo is go bhféadfar bearta tacaíochta tithíochta, go háirithe tithíocht shóisialta, a dhéanamh. Cad iad na hathruithe ar rialacha an Aontais maidir le státchabhair agus ar an sainmhíniú ar thithíocht shóisialta sa reachtaíocht maidir le seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta (SGI) atá beartaithe agat a dhéanamh chun a áirithiú nach mbeidh feidhm ag rialacha an mhargaidh maidir le tithíocht agus go soláthrófar dóthain tithíocht shóisialta? An ndéanfaidh tú iarracht, agus tú i do Choimisinéir, ar dhíolúintí follasacha a fháil ó na rialacha fioscacha maidir le hinfheistíocht an Stáit i dtithíocht?*

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, i gcomhréir leis an litir mhisin a cuireadh chugam, tacóidh mé leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Aistriú Glan, Cóir agus Iomaíoch ina cúram mar atá rialacha

athbhreithnithe maidir le Státchabhair a chur chun cinn chun bearta tacaíochta tithíochta a chumasú ar bhealach níos fearr go háirithe ar mhaithe le tithíocht inacmhainne atá fuinneamhéifeachtúil agus le tithíocht inacmhainne shóisialta.

Faoi na rialacha maidir le Státchabhair atá ann cheana, tá bealaí éagsúla ann do na Ballstáit chun tacú le rochtain ar thithíocht. D'fhéadfadh sé nach n-áireofaí roinnt beart mar státchabhair faoi dhlí an Aontais, lena n-áirítear bearta a théann chun tairbhe go díreach do theaghlaigh agus do shaoránaigh an Aontais. Tá bearta eile ag teacht leis an gcóras um Sheirbhísí lena ngabhann Leas Eacnamaíoch Ginearálta nó is féidir a mheas go bhfuil siad i gcomhréir dhíreach leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Leis na rialacha atá ann faoi láthair maidir le Seirbhísí lena ngabhann Leas Eacnamaíoch Ginearálta, cuirtear ar a gcumas do na Ballstáit bearta tithíochta sóisialta a chur chun feidhme, mar atá tithíocht shóisialta do shaoránaigh faoi mhíbhuntáiste nó do ghrúpaí nach bhfuil na buntáistí céanna acu ar bhonn sóisialta. Ina theannta sin, cuireann na rialacha maidir le Státchabhair atá ann cheana ar a gcumas do na Ballstáit tacú le forbairt tithíochta atá fuinneamhéifeachtúil.

Maidir leis an riachtanas polaitiúil mar atá tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh chun tithíocht inacmhainne agus fuinneamhéifeachtúla a chumasú, cé go bhfuil sé práinneach soiléir, léirigh malartuithe an Choimisiúin leis na Ballstáit go dtí seo gur saincheist ilghnéitheach é athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha maidir le Státchabhair do thithíocht inacmhainne agus gur gá measúnú breise a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun ár n-uaillmhianta a bhaint amach. Agus an cleachtadh sin á dhéanamh againn, ní mór dúinn an chothromaíocht cheart a bhaint amach ionas nach ndéanfar infheistíocht phríobháideach a bhrú amach agus nach ndéanfar iomaíocht sa mhargadh tithíochta a shaobhadh go míchuí agus chun a áirithiú go dtabharfar tacaíocht leordhóthanach do thithíocht shóisialta ar mhaithe leis na daoine is leochailí sa tsochaí, rud atá fós ina phríomhfhreagracht ar rialtais mar chuid den chonradh sóisialta.

Oibreoidh mé leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Aistriú Glan, Cóir agus Iomaíoch chun cur leis an mbunobair a rinneadh chun a chinneadh cé na hathruithe nithiúla ar na rialacha maidir le Seirbhísí lena ngabhann Leas Eacnamaíoch Ginearálta agus an treoir a ghabhann leo a d'fhéadfaí a chur chun feidhme chun infheistíocht a spreagadh agus chun inacmhainneacht tithíochta a áirithiú do chách, agus Parlaimint na hEorpa á coinneáil ar an eolas go dlúth. Tá an t-athbhreithniú ar na rialacha sin mar chuid de shraith níos leithne tionscnamh atá san áireamh sa Phlean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne atá le teacht agus a chuirfidh mé ar aghaidh in éineacht le Comhaltaí ábhartha an Choláiste.

Rinneadh athchóiriú le déanaí ar na rialacha fioscacha coiteanna. Tháinig na forálacha nua i bhfeidhm an 30 Aibreán 2024 agus bhain siad cothromaíocht mhaith amach idir an gá atá le hinbhuanaitheacht fiachais a áirithiú agus an gá atá le hinfheistíochtaí agus athchóirithe chun fás inbhuanaithe cuimsitheach a áirithiú. Ní bheartaítear leis na rialacha fioscacha díolúintí sainráite le haghaidh aon chineál caiteachais, ach ní áirítear sa sainmhíniú ar an táscaire glanchaiteachais caiteachas úis, caiteachas ar chláir an Aontais arna mheaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais agus cómhaoiniú náisiúnta na gclár arna gcistiú ag an Aontas. Ba rogha d'aon ghnó é sin a rinne na comhreachtóirí. Is cuid úrnua de na forálacha nua é go mbeidh an deis ag na Ballstáit conair choigeartaithe fhioscaigh níos faide a roghnú ar choinníoll go mbeidh gealltanais inchreidte i leith infheistíochtaí agus athchóirithe mar bhonn taca leis sin. Leis an gcur chuige sin, cruthaítear spás fioscach is féidir leis na Ballstáit a úsáid chun infheistíocht a chur chun cinn.

<u>Ceisteanna ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh</u>

*6. Cé na nithe ba mhaith leat a bhaint amach, agus do shainchúraimí á ndéanamh agat, de bhreis ar a bhfuil luaite agat i do litir mhisin agus cén lorg ba mhaith leat a fhágáil ar an Aontas? Cad iad na tograí reachtacha agus na tionscnaimh eile a mholfaidh tú do Choláiste na gCoimisinéirí a ghlacadh sna cúig bliana amach romhainn agus go háirithe sa chéad 100 lá? Conas a áiritheoidh tú go neartódh na tograí sin, mar aon le cur chun feidhme na reachtaíochta atá ann cheana, iomaíochas na hEorpa? An bhfuil sé de rún agat go mbeadh measúnuithe tionchair tiomnaithe ina mbonn leis na tograí reachtacha sin? Cén chaoi a bhfuil sé beartaithe agat a áirithiú go ndéanfar an Comhaontú Glas don Eoraip agus an reachtaíocht uile um fhuinneamh a chur chun feidhme go héifeachtach? Conas a áiritheoidh tú go ndéanfar bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh a chur chun feidhme go héifeachtach i gcinntí pleanála, beartais agus mórinfheistíochta? Conas a d'fhéadfadh an éifeachtúlacht fuinnimh iomaíochas thionscal an Aontais a threisiú, dar leat? Cad iad do thuairimí de Rialachas an Aontais Fuinnimh? Cad é ról na neodrachta teicneolaíche san earnáil fuinnimh, dar leat? Cad é do thuairim ar an bhfuinneamh núicléach agus ar SMRanna? Cén chaoi a bhfuil sé beartaithe agat dul chun cinn a dhéanamh i leith chomhtháthú an chórais fuinnimh? Conas atá sé i gceist agat rannpháirtíocht na saoránach i do chuid oibre a neartú?*

Tá ról lárnach ag an bhfuinneamh chun dul i ngleic leis na dúshláin atá os comhair na hEorpa: an tslándáil, lena n-áirítear an tslándáil eacnamaíoch, an costas maireachtála agus an t-iomaíochas, mar aon leis an athrú aeráide, rudaí a raibh tionchar acu ar shaolta ar fud na hEorpa i mbliana. Is é an príomhchuspóir atá agam soláthairtí fuinnimh ghlain inacmhainne a chinntiú atá ríthábhachtach don iomaíochas, don tslándáil agus ár n-iarrachtaí dícharbónaithe san Eoraip, trí Aontas Fuinnimh láidir a bhunú. Ag an am céanna, ní mór an t-aistriú a bheith cóir dár saoránaigh, go háirithe ó thaobh post agus costas de, lena n-áirítear tithíocht inacmhainne inbhuanaithe.

Mar chuid den Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, molfaidh mé Plean Gníomhaíochta le haghaidh Praghsanna Fuinnimh Inacmhainne sa chéad 100 lá (féach an freagra ar cheist 8) lena leagfar síos plean oibre chun rochtain ar fhuinneamh níos saoire a áirithiú trí infheistíochtaí, bonneagar agus comhar chun costais chórais a ísliú. Molfaidh mé Treochlár freisin chun deireadh a chur le hallmhairí fuinnimh na Rúise. Níos déanaí le linn thréimhse an tsainordaithe, áireofar ar thionscnaimh bhreise chun cur le hiarrachtaí iomaíochais, slándála agus dícharbónaithe athbhreithniú ar an gcreat maidir le slándáil an tsoláthair agus Straitéis Infheistíochta um Fhuinneamh Glan chun borradh a chur faoi fhoinsí in-athnuaite fuinnimh, éifeachtúlacht fuinnimh agus bonneagar fuinnimh. Rannchuideoidh Plean Gníomhaíochta maidir le Leictriú chomh maith le cur chuige straitéiseach maidir le téamh agus fuarú le fuinneamh a dhéanamh níos inacmhainne freisin. Agus mé ag obair i gcomhar leis an gCoimisinéir um an Aeráid, Glan-nialasacht agus Fás Glan, tabharfaidh mé creat chun cinn chun úsáid fóirdheontas breosla iontaise a laghdú agus deireadh a chur leo de réir a chéile.

Leanfaidh mé de cheannaireacht dhomhanda na hEorpa maidir leis an aistriú fuinnimh, ag tógáil ar thionscnaimh na hEorpa chun fuinneamh in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú ar fud an domhain, agus cuideoidh mé lenár bhfís dhomhanda aeráide agus fuinnimh a leagan síos le haghaidh C0P30 sa Bhrasaíl agus níos faide i gcéin. Ina theannta sin, tá dlúthbhaint ag ár n-iomaíochas lenár neamhspleáchas straitéiseach oscailte. Ní mór dúinn spleáchas eile ar theicneolaíochtaí glana allmhairithe agus ar amhábhair chriticiúla a chur in ionad ár spleáchais ar bhreoslaí iontaise.

Le linn thréimhse mo shainordaithe, tabharfaidh mé aird ar thionchair na reachtaíochta a chuir mé ar aghaidh chuig an gColáiste de réir na dTreoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr, agus na dúshláin agus na cuspóirí, na comhbhabhtálacha, na roghanna gníomhaíochta agus na tionchair a d'fhéadfadh a bheith acu á gcur san áireamh, agus simpliú á chothú agus bunaithe ar chomhairliúcháin phoiblí dhea-struchtúrtha agus ar shásraí aiseolais.

Ní éireoidh le clár oibre Eorpach níos láidre don tionsclaíocht agus don iomaíochas mura mbeidh sé fite fuaite le cur chun feidhme an bheartais fuinnimh a comhaontaíodh cheana.

Is tosaíocht pholaitiúil í an reachtaíocht a glacadh le déanaí, ar reachtaíocht í a bhaineann le fuinneamh, a chur chun feidhme ina hiomláine, agus ní mór dúinn ár gcuspóirí maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip a bhaint amach agus a áirithiú go mbainfidh saoránaigh agus pobail tairbhe as ar an láthair. Déanfaidh mé maoirseacht ar chur chun feidhme agus forfheidhmiú chreat 2030 agus tacóidh mé go gníomhach leis, trí bheith ag obair i ndlúthchomhar le Parlaimint na hEorpa agus leis na Ballstáit, mar aon le cathracha agus réigiúin, chun a áirithiú go mbeimid ag dul sa treo ceart chun ár spriocanna comhchoiteanna fuinnimh agus aeráide do 2030 agus ina dhiaidh sin a bhaint amach. Áireofar san iarracht cur chun feidhme sin obair leantach a dhéanamh ar an measúnú ar na Pleananna Fuinnimh agus Aeráide deiridh agus dhá idirphlé cur chun feidhme ar a laghad a eagrú in aghaidh na bliana le páirtithe leasmhara.

Tá an cur chun feidhme lárnach d'iomaíochas na hEorpa. Trínár gcuspóirí a bhaint amach, agus trínár reachtaíocht maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite a chur chun feidhme, is féidir conair dícharbónaithe chostéifeachtúil a bhaint amach don Eoraip trí spleáchas ár ngeilleagar ar allmhairí a laghdú, foinsí in-athnuaite níos saoire a chomhtháthú chun a dtairbhí iomlána a bhaint amach, agus aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht fuinnimh. Ina theannta sin, áirítear san athchóiriú a rinneadh le déanaí ar Dhearadh an Mhargaidh Leictreachais bearta lena méadófar cobhsaíocht agus intuarthacht praghsanna d'infheisteoirí agus lena gcuirfear uirlisí ar fáil chun infheistíochtaí a mhealladh chun an córas fuinnimh a idirnascadh ar bhealach níos fearr ar mhaithe leis an Eoraip ar fad, mar aon leis an gcóras a dhéanamh níos solúbtha.

Chun Aontas Fuinnimh láidir a bhaint amach, tá gá le cur chuige agus rialachas níos fearr, níos simplí, níos éifeachtaí agus níos costéifeachtúla. Tá sé sin ríthábhachtach chun ár n-uaillmhianta aeráide agus fuinnimh a bhaint amach i dteannta a chéile, chun soláthairtí fuinnimh a dhaingniú agus chun fuinneamh níos inacmhainne a chur ar fáil do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí. Tá comhpháirtíocht leis na Ballstáit ag teastáil uainn chun pleanáil níos fearr agus cinntí beartais comhordaithe a áirithiú, rud a chuirfidh feabhas ar an bhfaireachán, an trédhearcacht agus úinéireacht beartais. Ní mór cinnteacht fheabhsaithe a chur ar fáil sna Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide

chun na hinfheistíochtaí ollmhóra is gá le haghaidh an aistrithe fuinnimh a spreagadh. Chuige sin, déanfaidh mé Rialachas an Aontais Fuinnimh atá ann cheana a nuashonrú agus a shimpliú, i gcomhar leis an gCoimisinéir um an Aeráid, Glan-nialasacht agus Fás Glan. Ina theannta sin, déanfaidh mé measúnú cúramach agus oibreoidh mé le comhaltaí ábhartha an Choláiste, go háirithe leis an gCoimisinéir um an nGeilleagar agus Táirgiúlacht; Cur chun feidhme agus Simpliú, chun simpliú breise a bhaint amach agus an úsáid is fearr a bhaint as sineirgí leis an Uirlis um Chomhordú Iomaíochais a fógraíodh sna Treoirlínte Polaitiúla.

Is coincheap lárnach í an neodracht theicneolaíoch, ar coincheap é atá lárnach i dtaca le saoirse na mBallstát a meascán fuinnimh a roghnú i gcomhréir lenár gConarthaí. Beidh gá le gach réiteach fuinnimh in-athnuaite agus ísealcharbóin. Léiríonn réamh-mheastacháin go mbeidh earnáil cumhachta dícharbónaithe ann faoi 2040. Meastar go dtiocfaidh an chuid is mó di ó fhuinneamh in-athnuaite, mar aon le rannchuidiú suntasach ó fhuinneamh núicléach. Tá sé d'acmhainn ag Imoibreoirí Modúlacha Beaga leictreachas agus teas ísealcharbóin a sholáthar, mar aon le rannchuidiú le dícharbónú, ní hamháin le giniúint cumhachta, ach freisin le hearnálacha ina bhfuil astaíochtaí atá deacair a mhaolú, amhail earnáil an iompair, tionscal na gceimiceán agus tionscal na cruach. I gcomhréir leis an litir mhisin a cuireadh chugam, tacóidh mé le dlús a chur le forbairt agus imscaradh Imoibreoirí Modúlacha Beaga san Eoraip le linn na 2030idí, ag tógáil ar an gComhghuaillíocht Thionsclaíoch Eorpach maidir le hImoibreoirí Modúlacha Beaga. Leanfaidh aon úsáid núicléach amach anseo de bheith ag brath ar chloí leis na caighdeáin sábháilteachta núicléiche is déine, chomh maith le diúscairt shábháilte gach cineáil dramhaíola núicléiche agus breosla spíonta.

Tá bunphrionsabal 'na héifeachtúlachta fuinnimh' i bhfabhar oibriú níos cliste agus níos éifeachtúla an chórais fuinnimh seachas leathnú an chórais sin. Tá treoraíocht earnáilsonrach forbartha cheana ag an gCoimisiún don earnáil tionsclaíochta, fuinnimh, iompair agus airgeadais, rud a chuidíonn le cinnteoirí measúnú a dhéanamh ar roghanna malartacha atá fuinneamhéifeachtúil in éineacht le roghanna eile. Tá costais fuinnimh agus táirgthe níos ísle de dhíth ar earnáil na tionsclaíochta, ar costais iad is féidir a bhaint amach trí phróisis thionsclaíocha atá níos fuinneamhéifeachtúla agus níos forbartha ó thaobh na teicneolaíochta de a chur i bhfeidhm. Laghdaíonn sé sin costais, cuireann sé le tuilleadh fáis, meallann sé custaiméirí agus infheisteoirí nua agus méadaíonn sé iomaíochas tionsclaíoch. Beidh an leictriú ina phríomhbhealach chun an éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú a thuilleadh.

Sna 5 bliana amach romhainn, beidh ar an Eoraip gnéithe éagsúla den chóras fuinnimh a chomhtháthú, e.g. soláthar leictreachais agus teasa, hidrigin, solúbthacht, éifeachtúlacht fuinnimh agus earnálacha úsáide deiridh. Is é is cuspóir dó sin dlús a chur leis an dícharbónú agus an córas a dhéanamh níos éifeachtúla agus níos iomaíche trí leas a bhaint as na sineirgí uile. Is é an cuspóir foriomlán a áirithiú go mbeidh aistriú na hEorpa i dtreo astaíochtaí glan-nialasacha á chumhachtú le córas fuinnimh comhtháite ina mbeidh leictreachas dúchasach glan. Tá sé ríthábhachtach an córas fuinnimh a dhigitiú a thuilleadh agus acmhainneacht na dteicneolaíochtaí digiteacha a ghiaráil, agus, chuige sin, cuirfidh mé Treochlár straitéiseach don digitiú agus don intleacht shaorga in earnáil an fhuinnimh i láthair.

Mar sin féin, ní éireoidh leis an aistriú fuinnimh mura ndéanaimid a áirithiú go mbainfidh saoránaigh tairbhe iomlán as agus go mbeidh siad rannpháirteach ann: ní fhágfar aon duine ar lár. Beidh neartú rannpháirtíocht na saoránach ina phríomhghné de mo chuid oibre. Ní mór dúinn aghaidh a thabhairt ar ábhair imní na saoránach maidir le hinacmhainneacht fuinnimh, poist, costais tithíochta agus téimh atá ag dul i méid. Is é sin an líne thosaigh chun an t-aistriú fuinnimh a bhaint amach. Cuirfidh an Coimisiún Pacáiste Fuinnimh na Saoránach i láthair, chun a chuidiú lena áirithiú go mbainfidh muintir na hEorpa tairbhe as an aistriú fuinnimh, ina n-aonar agus i dteannta a chéile sna pobail araon.

*7. Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat um shlándáil an tsoláthair? Cad iad na ceachtanna is féidir a fhoghlaim ón gcogadh san Úcráin? Cén straitéis a mholfaidh tú a ghlacadh chun breis soláthraithe agus bealaí soláthair eile a aimsiú seachas soláthraithe ceannasacha nó neamhiontaofa agus bealaí soláthair ceannasacha nó neamhiontaofa? Cad iad na tionscnaimh atá beartaithe agat a dhéanamh chun an soláthar fuinnimh a chosaint ar bhagairtí fisiceacha agus ar chibearbhagairtí? Cad iad na céimeanna a ghlacfaidh tú chun an spleáchas ar sholáthraithe seachtracha a laghdú agus fós treisiú le fuinneamh glan agus bonneagar criticiúil laistigh den Aontas, lena n-áirítear an geilleagar hidrigine a fhorbairt agus soláthar hidrigine leordhóthanach a chothú? Cén ról, dar leat, a bheidh ag an mBanc Eorpach Hidrigine ina leith sin? Conas a cheapfá straitéis de chuid an Aontais maidir le solúbthacht, lena n-áirítear freagairt ar an éileamh agus stóráil? Conas a thabharfaidh tú aghaidh ar an dúshlán um luaineacht sa soláthair fuinnimh a bhaineann le leictreachas in-athnuaite a bheith á ghiniúint mó sa mhó? Cad é do thuairim den chreat dlíthiúil atá ann cheana maidir le hEangacha Eorpacha agus cad iad na bearta a mholfá a dhéanamh chun feabhas a chur air? Cad iad na bearta nithiúla a mholfaidh tú a dhéanamh chun dlús a chur le huasghrádú na n-eangach leictreachais agus chun*

*deireadh a chur leis na scrogaill atá ann cheana laistigh de na Ballstáit agus idir na Ballstáit, lena n-áirítear ar leibhéal an dáileacháin, mar aon le tarchur amach ón gcósta agus tarchur an-fhadraoin, agus chun an sprioc i dtaobh 15% den acmhainneacht idirnaisc a bhaint amach? Cad é do thuairim de chistiú AE do thionscadail bonneagair fuinnimh agus den ról a bheidh acu sa Chiste Eorpach um Iomaíochas agus sa chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile? Cad iad na bearta atá beartaithe agat a dhéanamh i leith an Phlean Gníomhaíochta maidir le Leictriú?*

Tá creat daingean ag an Aontas maidir le slándáil an tsoláthair, ach ní mór é a dhéanamh níos simplí agus níos réamhbhreathnaithí. Ina theannta sin, ba cheart é a leathnú chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí atá ag teacht chun cinn do bhonneagar criticiúil, an t-athrú aeráide, an chibearshlándáil agus bagairtí fisiciúla. Tugann an t-athbhreithniú deis thráthúil dúinn ár gcreat a thabhairt cothrom le dáta.

Ní mór na ceachtanna a foghlaimíodh ó chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine a bheith i gcroílár ár ngníomhaíochta amach anseo. Tá sé foghlamtha againn, agus bhí costas ollmhór ag baint leis sin, na contúirtí a bhaineann le bheith ag brath ar sholáthróir fuinnimh neamhiontaofa, an Rúis, atá tar éis arm a dhéanamh den fhuinneamh. Táimid ag bogadh i dtreo córas fuinnimh atá níos dícharbónaithe, níos leictrithe agus níos comhtháite, agus ní mór dúinn a áirithiú go láimhseálfar rioscaí trasearnála ar bhealach níos fearr. Chun suaití a mhaolú, ní mór don Aontas tús áite a thabhairt don ullmhacht agus don chomhordú, agus éagsúlú an tsoláthair, laghdú ar an éileamh ar ghás agus stóráil éifeachtúil á gcur chun cinn ag an am céanna, in éineacht le hidirnaisc trasteorann. Leis an athbhreithniú ar an gcreat atá ann cheana, ní mór gur féidir breoslaí iontaise a céimniú amach ar bhealach ordúil inacmhainne, dlús a chur le roghanna malartacha atá níos inbhuanaithe agus a tháirgtear sa bhaile, chomh maith le leas a bhaint as acmhainneacht na mbeart atá dírithe ar an éileamh. A mhéid a bhaineann leis an soláthar fuinnimh a chosaint ar bhagairtí fisiciúla agus ar chibearbhagairtí, oibreoimid i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, ag tógáil ar an dul chun cinn atá déanta maidir le tástálacha struis ar bhonneagar, Tascfhórsa AE-ECAT maidir le hathléimneacht, agus rialacha sainordaitheacha cibearshlándála maidir leis an leictreachas.

Tá éagsúlú soláthairtí agus bealaí, foinsí in-athnuaite fuinnimh agus fuinneamh glan, éifeachtúlacht fuinnimh, chomh maith leis an margadh inmheánach fuinnimh a dhoimhniú, ríthábhachtach d’earnáil fuinnimh agus geilleagar athléimneach na hEorpa. Trí dhlús a chur leis an aistriú chuig fuinneamh glan, laghdaítear an spleáchas ar bhreoslaí iontaise. Beidh orainn leanúint d’idirnascairí a neartú, i gcás inar gá, agus stóráil fuinnimh a fheabhsú. Leanfaimid freisin de bhorradh a chur faoi tháirgeadh bithgháis agus bithmheatáin intíre.

Rinne an Coimisiún an chéad sásra riamh um chomhiomlánú éilimh le haghaidh gáis, AggregateEU, a chur ar aghaidh. Chuir sé feabhas ar thrédhearcacht an mhargaidh agus chuir sé roghanna soláthair malartacha ar fáil chun iad a úsáid in ionad ghás na Rúise. Bunaithe ar na chéad chéimeanna sin, leathnófar comhiomlánú éilimh chuig táirgí eile amhail hidrigin agus tráchtearraí eile amhail amhábhair chriticiúla.

Beidh orainn díriú freisin ar shlándáil an tsoláthair i dtionscal núicléach an Aontais ina bhfuil sé ríthábhachtach timthriall an bhreosla núicléach a éagsúlú ag gach céim. Cumhdaítear le spleáchas ar an Rúis páirteanna spártha agus seirbhísí cothabhála a sholáthar, chomh maith le seirbhísí tiontaithe agus saibhrithe. Déanfaidh mé a mheas an féidir an slabhra soláthair fuinnimh núicléach iomlán a áireamh sa treochlár chun deireadh a chur le hallmhairí fuinnimh na Rúise chun neamhspleáchas straitéiseach oscailte an Aontais a áirithiú. Chuige sin, rachaidh seirbhísí an Choimisiúin i dteagmháil le fóntais agus leis na Ballstáit chun an soláthar a éagsúlú agus chun táirgí a fháil i dtionscal núicléach sibhialta na hEorpa.

Beidh hidrigin in-athnuaite agus ísealcharbóin ríthábhachtach chun dícharbónú a dhéanamh ar earnálacha ina bhfuil an leictriú níos deacra. I ndáil leis an méid sin, díreoimid ar bhearta a chur chun feidhme, ar bearta iad a comhaontaíodh le déanaí, amhail na spriocanna maidir le húsáid hidrigine in-athnuaite sa tionscal agus san iompar. Is féidir leis an gcreat sin, in éineacht le tacaíocht airgeadais, táirgeadh agus ceannach a spreagadh, agus is féidir lenár bpróiseas pleanála bonneagair forbairt gréasáin hidrigine Eorpaigh dea-chomhordaithe a éascú. Chun go bhfanfaidh tionscal an Aontais iomaíoch, beidh gá le táirgeadh láidir hidrigine san Aontas, chomh maith le hallmhairí ó chomhpháirtithe idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, agus i gcomhréir leis an Treoir athbhreithnithe maidir le Fuinneamh In-Athnuaite, cuirfimid beart chun cinn maidir le hidrigin allmhairithe agus intíre.

Cuirfidh an Banc Eorpach Hidrigine tús le méadú an mhargaidh le haghaidh breoslaí níos glaine tríd an mbearna a dhúnadh idir costais táirgthe ar hidrigin ghlan – atá fós ró-ard – agus cumas an tionscail íoc as. Ag tógáil ar an taithí a fuarthas go dtí seo, oibreoidh mé leis an gCoimisinéir um an Aeráid, Glan-nialasacht agus Fás Glan ar cheantanna amach anseo chun tacú le táirgeadh hidrigine glaine intíre. Ina theannta sin, i gcomhar leis na Ballstáit, oibreoimid chun an ghné idirnáisiúnta den Bhanc Hidrigine a fhorbairt chun allmhairí a éascú agus chun deiseanna eacnamaíocha a chruthú i dtíortha comhpháirtíochta.

Ina theannta sin, tá ról ann freisin maidir le gabháil, úsáid agus stóráil carbóin chun na hearnálacha a bhfuil sé deacair srian a chur leo a dhícharbónú, agus oibreoidh mé i gcomhar leis an gCoimisinéir um an Aeráid, Glan-nialasacht agus Fás Glan ar na creatchoinníollacha cearta chun an méid sin a bhaint amach, ag díriú freisin ar bhonneagar $CO_2$.

Tá gá le réitigh sholúbthachta, idir stóráil agus fhreagairt don éileamh, chun éifeachtúlacht ár gcórais fuinnimh a mhéadú agus chun foinsí in-athnuaite fuinnimh a chomhtháthú ar bhealach níos fearr, agus costais fuinnimh a laghdú ar an gcaoi sin. Rachaidh a gcur in úsáid níos leithne chun tairbhe do thomhaltóirí teaghlaigh agus tionsclaíocha araon trí luaineacht praghsanna agus ciorrú costasach foinsí in-athnuaite fuinnimh a laghdú chomh maith le hinfheistíochtaí eangaí a bharrfheabhsú. Ní mór dúinn aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar chur in úsáid solúbthachta i bhfad níos leithne chun dlús a chur le hinfheistíochtaí sna réitigh sin agus chun na Ballstáit a threorú.

Chun an leictriú a spreagadh, is féidir le Plean Gníomhaíochta maidir le Leictriú obair a threorú chun bacainní a bhaint agus chun dlús a chur le rochtain ar leictreachas don tionscal agus do theaghlaigh araon atá fós ag úsáid breoslaí iontaise le haghaidh téimh, iompair agus fuinneamh eile.

I mo cháil mar Choimisinéir um Fhuinneamh agus Tithíocht, díreoidh mé go láidir ar ár n-eangacha a leathnú agus a uasghrádú chun aistriú éifeachtúil ó bhreoslaí iontaise go fuinneamh glan a áirithiú. I gcomhar leis an gCoimisinéir um an Aeráid, Glan-nialasacht agus Fás Glan, oibreoidh mé chun úsáid fóirdheontas breoslaí iontaise a laghdú agus deireadh a chur leo de réir a chéile. Ní mór dúinn na príomhthionscadail bhonneagair trasteorann a chur chun feidhme go tapa agus go láidir chomh maith le Plean Gníomhaíochta an Aontais um Eangacha ina bhfuil gníomhaíochtaí nithiúla chun dlús a chur le huasghrádú agus le forbairt eangach leictreachais, lena n-áirítear ar an leibhéal dáileacháin. Tá sé sin ríthábhachtach freisin d'fhonn an sprioc 15 % maidir le hidirnascadh a bhaint amach.

Cuirfidh sé sin le measúnú ar an gcreat dlíthiúil atá ann cheana maidir le heangacha chun bearta a shainaithint chun pleanáil líonra a bharrfheabhsú ó Bhallstát go chéile, dlús a chur le ceadú, úsáid éifeachtúil an bhonneagair atá ann cheana a áirithiú, na heangacha a dhéanamh níos cliste chomh maith le nósanna imeachta pleanála a chuíchóiriú agus a shimpliú. Chun na heangacha is gá dár n-aistriú fuinnimh a chur in úsáid go héifeachtúil, tá creat comhoibríoch de dhíth orainn, amach ón gcósta agus ar tír araon, bunaithe ar chomhar réigiúnach feabhsaithe, leithdháileadh ceart na gcostas agus na sochar, chomh maith le samhlacha nuálacha maoiniúcháin. Ina theannta sin, oibreoidh mé leis an gCoimisinéir um Iompar Inbhuanaithe agus um an Turasóireacht chun a áirithiú go ndéanfaimid earnáil an iompair a ailíniú le forbairt an bhonneagair fuinnimh a theastaíonn chun freastal ar an méadú a thiocfaidh ar an éileamh ar leictreachas iompair.

Tá infheistíochtaí i mbonneagar fuinnimh ghlain ina bpríomhthosaíocht sna blianta amach romhainn, mar a léirítear i dtuarascálacha Draghi agus Letta araon. Chun tacú leis an obair sin, molfaidh mé straitéis thiomnaithe infheistíochta um fhuinnimh glan don Eoraip, lena n-áirítear tionscnamh dí-rioscaithe chun caipiteal príobháideach a scaoileadh. Beidh sé sin lárnach sna hiarrachtaí chun tús áite a thabhairt don infheistíocht san fhuinneamh glan, lena n-áirítear sa bhonneagar.

Áiritheoidh mé freisin úsáid na n-acmhainní atá ar fáil trí NextGenerationEU agus tríd an mbuiséad reatha. Áiritheoimid go n-úsáidfimid cumhacht ár mbuiséid chun infheistíocht phríobháideach a ghiaráil agus a dhí-rioscú.

*8. Cad iad na gnéithe a bheidh ina bpríomhghnéithe den Phlean Gníomhaíochta maidir le Praghsanna Fuinnimh Inacmhainne? Cad iad na bearta sonracha a chuirfidh tú i bhfeidhm chun praghsanna fuinnimh a laghdú do theaghlaigh, do chuideachtaí agus do thionscail, go háirithe tionscail dianfhuinnimh? Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat aghaidh a thabhairt a thuilleadh ar an mbochtaineacht fuinnimh? Cén chaoi a bhfuil sé beartaithe agat úsáid Comhaontuithe Ceannaigh Cumhachta (CCCanna) agus Conarthaí Difríochta (CfDanna) a leathnú chun praghsanna iomaíocha a áirithiú? Cad é do thuairim de chriosanna tairisceana reatha an mhargaidh fuinnimh? Cad iad na pleananna nithiúla atá agat maidir leis an gcéad Phlean Eorpach riamh um Thithíocht Inacmhainne agus maidir leis an Straitéis Eorpach ar Thógáil Tithíochta, i bhfianaise inniúlachtaí an Aontais agus inniúlachtaí na mBallstát sa réimse sin? Cad iad na príomhshineirgí atá ann, dar leat, idir an Plean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne, an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh agus an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh? An bhféadfadh, dar leat, breis maoinithe a bheith ann d'éifeachtúlacht fuinnimh agus d'athchóirithe faoin gcéad CAI eile? Conas atá sé i gceist agat tabhairt faoin sprioc atá ann téamh agus fuarú dícharbónaithe agus inacmhainne a sholáthar? Cén ról, dar leat, a bheidh ag an ngriantéamh, ag an téamh geoiteirmeach agus ag téamh ceantair? Conas a áiritheoidh tú go rachfar, trí bhearta de chuid an Aontais, i ngleic le hinsliú eastát tithíochta ollmhór agus mórcheantar tuaithe? Conas a rannchuideoidh tú leis an Bauhaus Eorpach Nua a fhorbairt tuilleadh?*

Maidir leis na suaití soláthair breoslaí iontaise agus na harduithe tobanna ar phraghsanna breoslaí iontaise ba chúis leis an ngéarchéim fuinnimh le déanaí, is meabhrú iad ar an tábhacht a bhaineann le hinacmhainneacht fuinnimh do ghnólachtaí agus do theaghlaigh araon. Tá costais fuinnimh ag cur bac ar iomaíochas an Aontais agus ag laghdú na tacaíochta don aistriú fuinnimh. Beidh sé ar cheann de phríomhthosaíochtaí mo shainordaithe costais fuinnimh a laghdú do theaghlaigh agus do ghnólachtaí. Tá an Plean Gníomhaíochta le haghaidh Praghsanna Fuinnimh Inacmhainne ina chuid lárnach den Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan atá le cur i láthair sa chéad 100 lá den chéad sainordú eile de chuid an Choimisiúin.

Chun costais fuinnimh a laghdú, ní mór dlús a chur le cur chun feidhme an leictreachais ghlain iomaíoch trí dheireadh a chur le scrogaill bhonneagair agus bacainní rialála, lena n-áirítear foinsí in-athnuaite fuinnimh agus eangacha a cheadú, mar aon le héifeachtúlacht fuinnimh a áirithiú in Aontas Fuinnimh láidir. Leis an bPlean Gníomhaíochta, neartófar an tslándáil fuinnimh agus cuirfear borradh faoi infheistíochtaí agus, ag an am céanna, tacófar le tionscail, lena n-áirítear tionscail agus teaghlaigh dianfhuinnimh, chun rochtain ar fhuinneamh inacmhainne a áirithiú. Breathnóidh sé freisin ar chostais chórais a laghdú, ról thaidhleoireacht fuinnimh na hEorpa a neartú, rannpháirtíocht na saoránach a chothú agus aistriú cóir a áirithiú do chách.

Tá tábhacht ar leith ag baint le cur chun feidhme an athchóirithe a rinneadh le déanaí ar Dhearadh Mhargadh Leictreachais na hEorpa chun borradh a chur faoin rochtain ar fhuinneamh glan inacmhainne seasmhach agus faoi rannpháirtíocht na saoránach san aistriú fuinnimh. Chun dlús a chur le díchúpláil billí leictreachais ó phraghsanna luaineacha breoslaí iontaise, oibreoimid i ndlúthchomhar leis na Ballstáit chun a áirithiú go mbeidh tacaíocht phoiblí i bhfoirm conarthaí difríochta iomaíoch agus fabhrach don mhargadh, agus go bhfeabhsóidh sí infhaighteacht comhaontuithe ceannaigh cumhachta, ar comhaontuithe iad atá ríthábhachtach go háirithe do thionscail dianfhuinnimh, trí ráthaíochtaí agus caighdeánú a dhéanamh.

Beidh rochtain ar fhuinneamh in-athnuaite mar aon le héifeachtúlacht fuinnimh fheabhsaithe i bhfoirgnimh ríthábhachtach freisin chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh, ar cúis mhór imní í, agus le haghaidh tithíocht inacmhainne freisin (féach an freagra ar cheist 4).

Ina theannta sin, ní mór dúinn aghaidh a thabhairt ar chostais mhéadaitheacha córais amhail muirir, cánacha agus tobhaigh ghréasáin, arb éard atá iontu aon trian de bhillí leictreachais na dtomhaltóirí sa lá atá inniu ann. In éineacht leis an gCoimisinéir um an Aeráid, Glan-nialasacht agus Fás Glan, féachfaidh mé conas is féidir a áirithiú nach mbeidh tionchar diúltach ag cánacha ar phraghsanna fuinnimh agus ar iomaíochas thionscal an Aontais, agus tacóidh mé le cuspóirí an aistrithe ghlain ag an am céanna. Chun leas iomlán a bhaint as an aistriú fuinnimh, agus chun na costais sin a mhaolú, leagfar amach sa Phlean Gníomhaíochta maidir le Praghsanna Fuinnimh Inacmhainne bearta chun infheistíocht phríobháideach a shlógadh, pleanáil líonra a fheabhsú, digitiú a mhéadú, agus úsáid na heanga atá ann cheana a bharrfheabhsú. Dreasóidh sé solúbthacht freisin, tabharfaidh sé na comharthaí suímh cearta d'infheistíochtaí sna háiteanna is mó a bhfuil gá leo, agus leagfaidh sé amach creat rialachais feabhsaithe don mhargadh inmheánach fuinnimh a bheidh oiriúnach do chóras Eorpach fíor-chomhtháite in Aontas Fuinnimh láidir.

Ní mór dúinn dlús a chur le tionscadail a thugann tairbhí an fhuinnimh ghlain do thomhaltóirí. Ní mór dúinn oibriú chun dlús a chur le ceadú foinsí in-athnuaite fuinnimh, bonneagair fuinnimh agus stórála. Cé go bhfuil earnáil an leictreachais fós ina tosaíocht, beidh gá le réitigh éagsúla chun dícharbónú a dhéanamh ar théamh agus ar fhuarú chun freastal ar imthosca éagsúla amhail teaschaidéil, grianfhuinneamh teirmeach, fuinneamh geoiteirmeach agus téamh ceantair. Tá mé lántiomanta dlús a chur leis na réitigh sin, ag obair in éineacht leis na Ballstáit, an tionscal agus institiúidí maoinithe.

Chuir an tUachtarán de chúram orm an chéad Phlean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne riamh a ullmhú. Cé gur ar na Ballstáit i gcónaí atá an phríomhfhreagracht as beartais maidir le tithíocht agus as infheistíochtaí sa tithíocht, is féidir ról straitéiseach a bheith ag ionstraimí dlí, beartais agus cistiúcháin an Aontais (féach na sonraí breise faoi cheist 3). Cuireadh tús le cur chun feidhme na Treorach athbhreithnithe maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, na Treorach maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh agus na Treorach maidir le Fuinneamh In-Athnuaite. Tá pleananna téimh agus fuaraithe á n-ullmhú ag na Ballstáit do na bardais lena mbaineann, agus tomhaltóirí leochaileacha á sainaithint acu le haghaidh gníomhaíochtaí tiomnaithe, mar aon le Pleananna Náisiúnta Athchóirithe Foirgneamh á n-ullmhú acu, lena n-áirítear bearta náisiúnta lena dtugtar aghaidh ar na foirgnimh is measa ar dtús, agus tá pleanáil fhadtéarmach á soláthar acu a theastaíonn ó infheisteoirí. Beidh na hiarrachtaí sin ina ndlúthchuid den Phlean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne. Ina theannta sin, trí dhlús a chur le cur chun feidhme an Rialacháin nua maidir le Táirgí Foirgníochta, cuirfear ar a gcumas do mhonaróirí na táirgí is gá a sholáthar chun an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh a chur chun feidhme.

Tá sé ríthábhachtach tuilleadh maoinithe phríobháidigh a mhealladh agus éifeachtacht an mhaoinithe sin a fheabhsú chun a áirithiú gur féidir le teaghlaigh agus micrifhiontair atá thíos leis an mbochtaineacht fuinnimh tairbhe a bhaint as tithe, gnó agus teicneolaíochtaí atá fuinneamhéifeachtúil chun a mbillí a laghdú. Déanfaimid meastóireacht ar mhaoiniú éifeachtúlachta fuinnimh in éineacht leis an gComhghuaillíocht Eorpach um Maoiniú Éifeachtúlachta Fuinnimh agus déanfaimid infheistíochtaí in éifeachtúlacht fuinnimh mar chuid lárnach de Straitéis Infheistíochta an Aontais um Fhuinneamh Glan.

Cé go bhfuil foirgnimh ríthábhachtach le haghaidh aistriú atá cothrom agus inbhuanaithe go sóisialta, is deis iad na foirgnimh sin freisin chun iomaíochas earnáil na tógála a fheabhsú. Is réamhriachtanas í earnáil tógála dhinimiciúil láidir a bhunú chun a áirithiú go mbeidh fáil ar fhoirgnimh inacmhainne shábháilte, agus chun timpeallacht thógtha inbhuanaithe a bhaint amach. Mar chuid den Phlean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne, forbróimid straitéis le haghaidh tógáil tithíochta chun tacú le soláthar tithíochta. D'áireofaí leis sin bearta chun costais tógála a laghdú, táirgiúlacht na hearnála tógála a ardú, glacadh réiteach nuálach a mhéadú, amhail athchóirithe srathacha lena dtacaítear le gnólachtaí nuathionscanta agus le nuálaíochtaí sóisialta, agus feidhmíocht chomhshaoil an tionscail a fheabhsú. Chun tacú leis an gCoimisinéir um an gComhshaol, um Athléimneacht i réimse an Uisce agus um Gheilleagar Ciorclach Iomaíoch, tá sé beartaithe agam sineirgí a thógáil idir Bauhaus Eorpach Nua agus riachtanais an Aontais maidir le tithíocht inacmhainne inbhuanaithe, lena gcuirfear chun cinn a thrí chroíluach – inbhuanaitheacht, cuimsiú agus cuma na tithíochta.

<u>Ceist ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta</u>

*9. Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat athbhreithniú a dhéanamh ar an rialacha maidir le Státchabhair, i dteannta an Leas-Uachtaráin Feidhmiúcháin um Aistriú Glan, Cóir agus Iomaíoch, i dtreo is go bhféadfar bearta tacaíochta tithíochta a dhéanamh i leith na tithíochta sóisialta? An smaoineofá ar chatagóir dhíolmhaithe a chruthú, a n-áireofaí inti tithíocht inacmhainne do theaghlaigh sa mheánmhargadh cíosa mar Sheirbhís lena nGabhann Leas Eacnamaíoch Ginearálta (SGI) agus cad iad na coinníollacha faoina ndéanfá amhlaidh?*

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, i gcomhréir leis an litir mhisin a cuireadh chugam, tacóidh mé leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Aistriú Glan, Cóir agus Iomaíoch ina cúram mar atá rialacha athbhreithnithe maidir le Státchabhair a chur chun cinn chun bearta tacaíochta tithíochta a chumasú go háirithe ar mhaithe le tithíocht inacmhainne atá fuinneamhéifeachtúil agus le tithíocht inacmhainne shóisialta. Tá breathnú ar na rialacha seo ina chuid de shraith níos leithne tionscnamh a chuirfear san áireamh sa Plean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne atá le teacht. Agus an beart sin á dhéanamh againn, tabharfaimid aird ar leith ar an gcothromaíocht cheart a bhaint amach agus a áirithiú nach ndéanfaidh aon díolúine ó rialacha maidir leis an Státchabhair do thithíocht inacmhainne an infheistíocht phríobháideach a bhrú amach nó an iomaíocht sa mhargadh tithíochta a shaobhadh go míchuí. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach mo fhreagra ar Cheist 5 thuas.

<u>Ceist ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia</u>

*10. Cén fhís atá agat d'Aontas Fuinnimh dícharbónaithe? Cén chaoi a bhfuil sé beartaithe agat treisiú leis na sineirgí idir an tslándáil fuinnimh agus na spriocanna laghdaithe astaíochtaí agus iad a thabhairt chun réitigh? Conas a chuirfidh tú dlús le luas imscartha fuinneamh in-athnuaite chun spriocanna an Aontais do 2030 maidir le fuinneamh in-athnuaite a bhaint amach, lena n-áirítear tríd an bPlean REPowerEU a chur chun feidhme go hiomlán agus trí dhul i ngleic leis na moilleanna ar na nósanna imeachta um cheadú ina leith sin? Cén ról, dar leat, a bheidh ag an bhfuinneamh in-athnuaite sa Phlean Gníomhaíochta maidir le Praghsanna Fuinnimh Inacmhainne? I gcomhthéacs an aistrithe chóir, conas a shimpleoidh tú cur chun feidhme reachtaíocht reatha an Aontais i réimse na bhfoirgneamh agus na tógála chun na hualaí riaracháin ar ghnólachtaí agus ar thomhaltóirí a laghdú agus conas is féidir tacú le teaghlaigh ar ioncam íseal go háirithe agus a dtithe á n-athchóiriú agus á ndírcharbónú acu, inter alia, tríd an gCiste Aeráide Sóisialta?*

Le hAontas Fuinnimh láidir, ba cheart soláthar fuinnimh ghlain inacmhainne a chumasú do theaghlaigh agus do ghnólachtaí na hEorpa, an tslándáil fuinnimh a fheabhsú, agus a áirithiú go mbeidh aistriú cóir againn i dtreo na haeráidneodrachta faoi 2050, agus na gníomhaithe uile páirteach ann. Cuireann úsáid luathaithe foinsí in-athnuaite fuinnimh agus comhtháthú na bhfoinsí sin sa chóras fuinnimh leis an tslándáil fuinnimh, agus tá an úsáid luathaithe sin ríthábhachtach chun ár spriocanna aeráide a bhaint amach ar bhealach inacmhainne, trí spleáchas ár ngeilleagar ar allmhairí a laghdú agus trí leas iomlán a bhaint as foinsí in-athnuaite fuinnimh níos saoire.

Beidh an leictriú, le córas cumhachta atá dícharbónaithe go hiomlán faoi 2040 bunaithe ar fhoinsí in-athnuaite agus ar réitigh ísealcharbóin, ina phríomhspreagadh don aistriú fuinnimh. Díreofar ar chreat reachtach 2030 a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú, mar bhonn láidir do chreat 2040, agus treorófar cinntí amach anseo leis na ceachtanna a foghlaimíodh. Oibreoidh mé as lámh a chéile leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Aistriú Glan, Cóir agus Iomaíoch sa phróiseas sin.

Ní mór dúinn úsáid níos fearr a bhaint as gach fuinneamh glan saor sa chóras, go háirithe fuinneamh in-athnuaite, mar aon le héifeachtúlacht an chórais fuinnimh ina iomláine a fheabhsú. Beidh sé d'aidhm ag ár gcuid oibre a áirithiú go mbainfear amach ár n-uaillmhian ar an láthair agus go mbainfimid amach ár sprioc maidir le foinsí in-athnuaite fuinnimh de 42,5 % ar a laghad, agus é d'aidhm againn 45 % a bhaint amach. Chun tairbhí na hacmhainneachta fuinnimh in-athnuaite breise sin a chur ar aghaidh chuig tomhaltóirí, an tionscal agus teaghlaigh araon, beidh orainn níos mó comhaontuithe ceannaigh cumhachta a dhreasú, úsáid níos éifeachtúla a bhaint as bonneagar eangaí nuachóirithe agus an bonneagar sin a thógáil níos tapúla; ceadú níos tapúla a áirithiú; agus infhaighteacht níos fearr ar réitigh sholúbthachta, amhail ceallraí agus freagairt don éileamh chun costas foriomlán an chórais a laghdú.

Trí dhlús a chur le nósanna imeachta ceadaithe, beifear in ann tionscadail fuinnimh in-athnuaite a thabhairt chun críche go luath agus beidh sé ina réamhchoinníoll chun ár spriocanna fuinnimh in-athnuaite agus ár n-iarrachtaí dícharbónaithe a bhaint amach. Le pleanáil straitéiseach maidir le foinsí in-athnuaite fuinnimh a chur in úsáid, lena n-áirítear sna limistéir luathaithe fuinnimh in-athnuaite a leagtar amach sa Treoir athbhreithnithe maidir le Fuinneamh In-Athnuaite, áirithítear go mbeidh an cur in úsáid iarbhír fite fuaite le cosaint an chomhshaoil. Beidh réitigh a rachaidh chun tairbhe do chách bunaithe ar ilúsáid spásanna, agus cosaint an chomhshaoil á comhcheangal le cur in úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh an tráth céanna. Oibreoidh mé go dlúth i gcomhpháirtíocht leis na Ballstáit chun a áirithiú go ndéanfar ár rialacha nua chun feabhas a chur ar phleanáil agus chun dlús a chur le ceadú foinsí in-athnuaite fuinnimh a chur chun feidhme go tapa. Feicimid forbairtí dearfacha ar an láthair anois, go háirithe sna Ballstáit a bhaineann úsáid as na rialacha nua maidir le ceadú, ach féachfaidh mé freisin ar smaointe breise chun dlús a chur le ceadú, go háirithe maidir leis an mbonneagar is gá chun foinsí in-athnuaite fuinnimh a chomhtháthú sa chóras fuinnimh ar bhealach costéifeachtach.

I gcomhthéacs an aistrithe chóir, is deis thábhachtach é athchóiriú foirgneamh chun billí fuinnimh a laghdú. Mar shampla, beidh ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar iarratais agus nósanna imeachta maidir le maoiniú poiblí a chuíchóiriú. Amach anseo, is féidir le treoraíocht maidir le cur chun feidhme na Treorach athmhúnlaithe maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh cuidiú le tuilleadh idirphlé leis na húdaráis náisiúnta.

Ó 2026 ar aghaidh, beidh infheistíochtaí i dtithíocht fhuinneamhéífeachtúil, lena n-áirítear trí athchóirithe agus athruithe cuspóra ar thithíocht shóisialta neamhchónaithe nó inacmhainne, ar fáil ón gCiste Aeráide Sóisialta. Beidh an ciste sin ábhartha do theaghlaigh leochaileacha, úsáideoirí leochaileacha iompair agus micrifhiontair leochaileacha. Dá bhrí sin, trína bPleananna Aeráide Sóisialta, bunóidh na Ballstáit bearta agus infheistíochtaí struchtúracha, mar aon le tacaíocht ioncaim dhíreach shealadach a d'fhéadfadh a bheith ann, ar mhaithe le teaghlaigh leochaileacha agus cuideoidh siad le héifeachtúlacht fuinnimh ina dtithe a fheabhsú nó a dhícharbónú. Trí na dúshláin a mhapáil ar bhealach níos fearr, aghaidh a thabhairt a thuilleadh ar na bacainní ar athchóiriú agus ar thógáil, agus bearta simpliúcháin a shainaithint faoin bPlean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne, rannchuideofar leis an bhfianaise agus leis na gníomhaíochtaí.

<u>Ceist ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra</u>

*11. Mar a mhaítear i do litir mhisin, is an-chás leis na milliúin daoine san Eoraip cáilíocht agus inacmhainneacht na tithíochta. Cén chaoi a bhfuil sé beartaithe agat an Straitéis um Thógáil Tithíochta a fhorbairt, go háirithe maidir le cur chun feidhme an mhargaidh inmheánaigh i gcomhair táirgí foirgníochta agus maidir le digitiú níos fearr san earnáil tógála chun tacú le tithíocht agus chun feabhas a chur ar cháilíocht agus inbhuanaitheacht an tsoláthair tithíochta? De bhreis ar an soláthar tithíochta a fheabhsú, conas a rachfá i ngleic le ceist shistéamach an chíosa ghearrthéarmaigh agus fós an Rialachán maidir le Seirbhísí Cóiríochta ar Chíos Gearrthéarmach, a comhaontaíodh le deireanas, an Treoir um Sheirbhísí agus coimhdeacht na mBallstát a chur i gcuntas, agus conas a d'áiritheofá go n-úsáidfí an stoc tithíochta reatha ar bhealach éifeachtúil agus inrochtana?*

Beidh an straitéis maidir le tógáil tithíochta ina príomhcholún den Phlean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne. Go deimhin, beidh gá le borradh a chur faoin soláthar tithíochta chun feabhas a chur ar rochtain ar thithíocht inacmhainne inbhuanaithe. Gan cur chuige cuimsitheach, bheadh an baol ann go méadófaí praghsanna tithíochta a thuilleadh, agus nach dtabharfaí aghaidh ar an easnamh mór táirgiúlachta agus iomaíochais in earnáil na tógála.

Ní leor an soláthar tithíochta chun freastal ar an éileamh, rud a fhágann go bhfuil phraghsanna arda ann atá ag dul i méid agus nach bhfuil inacmhainne do shaoránaigh ann. Tháinig laghdú 3 % ar thógáil agus athchóiriú nua tithíochta in 2023 agus meastar go dtiocfaidh laghdú 6 % eile air in 2024. Tháinig méadú 34 % ar chostais tógála d'fhoirgnimh chónaithe nua idir 2018 agus 2023, toisc nach ndéantar costais ábhair agus saothair níos airde a fhritháireamh le gnóthachain éifeachtúlachta agus go dtógann an tionscal tógála ar bhealaí atá dian ar shaothar de ghnáth. Mar thoradh air sin, is saintréith den táirgiúlacht íseal agus táirgiúlacht atá ag laghdú (30 % níos ísle ná an earnáil monaraíochta), glacadh íseal nuálaíochta agus tionchar ard ar an gcomhshaol. D'fhéadfadh gnóthachain shuntasacha éifeachtúlachta, méadú táirgiúlachta, laghdú i gcostais tógála, agus feabhas ar fheidhmíocht chomhshaoil na tógála a bheith mar thoradh ar nuálaíocht, digitiú agus uathoibriú.

I bhfianaise an mhéid sin, d'fhéadfaí iniúchadh a dhéanamh sa straitéis nua maidir le tógáil tithíochta ar roinnt gnéithe, lena n-áirítear: (1) Caighdeáin nua le haghaidh táirgí foirgníochta a fhorbairt chun tacú leis an nuálaíocht agus le teicneolaíochtaí agus teicnící tionsclaíocha chun é a chur ar a gcumas do mhonaróirí lántairbhe a bhaint as an Margadh Aonair; (2) Gach céim den phleanáil, dearadh, ceadú agus tógáil a dhigitiú chun tógáil agus athchóiriú tithíochta a fheabhsú agus a chun dlús a chur leo; (3) Dea-chleachtais rialála agus tionscail a scaipeadh chun tacú leis na Ballstáit, údaráis náisiúnta agus gníomhaithe eile in éiceachóras na tógála; (4) Feabhas a chur ar rochtain ar sheirbhísí foirgníochta ar fud an Aontais ionas gur féidir leis an éiceachóras tógála a acmhainneacht shuntasach maidir le comhtháthú eacnamaíoch sa Mhargadh Aonair a bhaint amach; (5) Uas-sciliú agus athsciliú ár lucht saothair, lena n-áirítear scileanna digiteacha agus glasa, chun táirgiúlacht a mhéadú agus chun freastal ar an éileamh ard ar thithe nua agus ar athchóirithe.

A mhéid a bhaineann le cóiríocht ar cíos gearrthéarmach, aithním an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na treochtaí margaidh le déanaí ar thithíocht inacmhainne agus ar phobail áitiúla, i dtéarmaí míchothromaíochtaí agus deiseanna araon. Is léir go bhféadfadh brú éagsúil ó éileamh áitiúil agus turasóireachta a bheith ar réigiúin nó ar cheantair éagsúla agus go bhfuil riachtanais éagsúla acu. Oibreoimid i gcomhar leis na Ballstáit agus le hardáin chun a áirithiú go gcuirfear an Rialachán chun feidhme go tapa agus go héifeachtach ionas go mbeidh rochtain ag údaráis san Aontas ar shonraí atá cruinn agus cothrom le dáta maidir le gníomhaíochtaí cíosa gearrthéarmaigh. Ba cheart go gcuirfeadh sé sin ar a gcumas d'údaráis phoiblí margaí cíosa gearrthéarmaigh a bhainistiú ar bhealach spriocdhírithe, fianaise-bhunaithe agus comhréireach i bhfianaise dálaí áitiúla. Ina theannta sin, i gcomhréir leis an Litir Mhisin a cuireadh chugam, agus in éineacht le comhaltaí ábhartha eile den Choláiste, leanfaidh mé d'iniúchadh a dhéanamh ar an méid a d'fhéadfaí a dhéanamh chun dul i ngleic le saincheisteanna sistéamacha maidir le cóiríocht ar cíos gearrthéarmach. Rachaidh mé i dteagmháil a thuilleadh le húdaráis agus le páirtithe leasmhara chun an bealach is fearr chun cinn maidir leis an gceist thábhachtach sin a fhiosrú.

<u>Ceist ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach</u>

*12. Ceann de na cúraimí a bheidh ort is ea 'Straitéis Eorpach um Thógáil Tithíochta' a fhorbairt. Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat cothromaíocht a aimsiú idir costais tógála a laghdú agus treisiú le feidhmíocht foirgneamh ó thaobh an chomhshaoil de? Céard iad na cineálacha tionscnamh a mholfá a dhéanamh chun táirgiúlacht na hearnála tógála a mhéadú? Tá an cistiú a sholáthraítear tríd an mbeartas comhtháthaithe teoranta go docht d'fheabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh i dtithíocht, do chuimsiú pobal imeallaithe a chur chun cinn, agus do bhonneagar tithíochta do dhaoine atá faoi 'chosaint idirnáisiúnta' nó a bhfuil iarratas á dhéanamh acu ar 'chosaint idirnáisiúnta'. Faoi chuimsiú an 'Phlean Eorpaigh nua um Thithíocht Inacmhainne' agus de bhreis ar chistiú an bheartais comhtháthaithe a dhúbailt, cad iad na bearta breise a mholfá a dhéanamh chun tógáil 'tithíochta inacmhainne do chách' a chur chun cinn? Cad iad do thuairimí den athbhreithniú ar rialacha an Aontais maidir le Státchabhair i gcás seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta (SGI) is infheidhme maidir le tithíocht shóisialta? Ar deireadh, cad iad na sineirgí atá beartaithe agat a fhorbairt idir cistí an bheartais comhtháthaithe, tacaíocht BEI, agus cláir eile de chuid an Aontais amhail InvestEU nó an Ciste Aeráide Sóisialta chun a áirithiú go dtiocfar ar réitigh fhadtéarmacha ar thithíocht, a bheidh ina réitigh inacmhainne ach, chomh maith leis sin, a bheidh inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil agus an fhuinnimh de freisin?*

Is iad foirgnimh is cúis le 40 % de thomhaltas fuinnimh na hEorpa agus gineann siad gáis ceaptha teasa ní hamháin le linn a saolré, ach le linn na tógála agus na scartála freisin. Bhí tionchar suntasach ag tabhairt isteach na gcaighdeán fuinnimh le haghaidh tógálacha nua sna 1980idí. A bhuí leis na ceanglais feidhmíochta fuinnimh sin, tháinig laghdú faoina leath ar an tomhaltas fuinnimh i bhfoirgnimh nua an lae inniu. Ach ní mór na ceanglais feidhmíochta a fheabhsú a thuilleadh más mian linn astaíochtaí glan-nialasacha a bhaint amach ar leibhéal an Aontais faoi 2050, rud a bhfuil mé tiomanta dó. Chomh maith le foirgnimh nua ardfheidhmíochta, ráta méadaithe athchóirithe – atá fós i bhfad ón sprioc 3 % in aghaidh na bliana chun spriocanna aeráide agus fuinnimh na hEorpa a bhaint amach – ní hamháin go laghdóidh sé tomhaltas fuinnimh, ach cuirfidh sé feabhas freisin ar dhálaí maireachtála go leor Eorpach, ísleoidh sé spleáchas fuinnimh an Aontais, agus fágfaidh sé go mbeidh billí fuinnimh

níos inacmhainne. Thairis sin, is iad an tógáil agus an scartáil agus an fhoinse dramhaíola is mó san Eoraip, is é sin go ngineann siad 37 % den iomlán.

Dá bhrí sin, ní mór dúinn dlús a chur leis an athchóiriú, ar bhealach atá costéifeachtach agus a bhfuil tionchar íseal aige ar an gcomhshaol. Tacóidh mé leis na Ballstáit infheistíocht a dhéanamh in athchóiriú fuinnimh foirgneamh, agus tosaíocht á tabhairt do na foirgnimh is neamhfheidhmiúla. Is príomhphrionsabal é 'tús áite do na foirgnimh is measa' sa Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh, agus is é an bealach é chun tairbhí agus tionchair na n-athchóirithe a uasmhéadú agus an bealach is éifeachtúla chun airgead poiblí a chaitheamh. Sa straitéis nua maidir le tógáil tithíochta, d'fhéadfaimis, mar shampla, díriú ar thacú leis an nuálaíocht agus an digitiú in earnáil na tógála, lena n-áirítear cineálacha cur chuige tionsclaíocha nuálacha amhail tógáil lasmuigh den láthair, rud a mhéadóidh táirgiúlacht na hearnála agus a chuideoidh le costas tógála a laghdú (féach freisin an freagra ar cheist 11). Féachfaidh mé freisin, i gcomhar le Comhaltaí ábhartha an Choláiste agus na mBallstát, conas feabhas a chur ar an dearadh, mar aon le húsáid iniúchtaí réamh-scaipthe (dá ngairtear 'iniúchtaí dramhaíola' freisin) a dhigitiú, ar iniúchtaí iad a bheidh le déanamh roimh oibreacha athchóirithe nó scartála, chun ábhair is féidir a athúsáid agus a athchúrsáil a shainaithint, agus chun déileáil le substaintí guaiseacha.

Ina theannta sin, is féidir ganntanais ábhar a mhaolú trí fheabhas a chur ar an athúsáid agus athchúrsáil chiorclach, trí sholáthairtí a éagsúlú, agus trí na hábhair is forbartha a úsáid, agus ar an gcaoi sin ár spleáchas ar amhábhair a laghdú, mar aon leis an nuálaíocht a chothú. Éascóidh an Rialachán nua maidir le Táirgí Foirgníochta é sin trí níos mó ná 400 caighdeán Eorpacha do tháirgí foirgníochta a thabhairt cothrom le dáta. Beidh faisnéis iontaofa dhigiteach i dtáirgí a chuirfear ar an margadh leis na caighdeáin chomhchuibhithe Eorpacha nuashonraithe. Áirítear leis sin sonraí comhshaoil amhail an lorg carbóin chomh maith le faisnéis maidir le hábhar athchúrsáilte, athmhonarú agus deisiú. Beidh caighdeáin shonracha ann le haghaidh táirgí úsáidte chun margadh aonair a chruthú d'athúsáid táirgí foirgníochta.

Tá an Beartas Comhtháthaithe ag rannchuidiú go mór cheana le feabhas a chur ar earnáil tithíochta an Aontais, lena n-áirítear tríd an earnáil a dhéanamh níos inacmhainne agus níos fuinneamhéifeachtúla. Tá maoiniú á chur ar fáil cheana ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus ag an gCiste Comhtháthaithe chun tithe inacmhainne a thógáil agus a athchóiriú, chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, agus chun tacú le forbairt uirbeach. Ina theannta sin, tá an Ciste um Aistriú Cóir ag cuidiú le réigiúin aistriú chuig geilleagar glas trí thithíocht a chur ar fáil d'oibrithe iomarcacha, i measc nithe eile. Tá dlús á chur againn leis na hinfheistíochtaí sin trí ionstraimí airgeadais nuálacha, lena n-áirítear iasachtaí agus deontais ón mBanc Eorpach Infheistíochta, le tacaíocht ó thionscnaimh amhail Bauhaus Eorpach Nua. Ina theannta sin, tacóidh mé leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Aistriú Glan, Cóir agus Iomaíoch ina cúram mar atá rialacha athbhreithnithe maidir leis an Státchabhair a chur chun cinn chun bearta tacaíochta tithíochta a chumasú, go háirithe ar mhaithe le tithíocht inacmhainne atá fuinneamhéifeachtúil agus le tithíocht inacmhainne shóisialta (féach freisin an freagra ar cheist 9). Mar a mholtar sa Litir Mhisin a cuireadh chugam, tacóidh mé leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Chomhtháthú agus Athchóirithe agus é ag obair ar thogra a chuirfidh ar a gcumas do na mBallstát a n-infheistíocht chomhtháthaithe i dtithíocht inacmhainne a dhúbailt.

Ina theannta sin, chun 'tithíocht inacmhainne do chách' a chur chun cinn, oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Chomhtháthú agus Athchóirithe, an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Aistriú Glan, Cóir agus Iomaíoch, agus an Coimisinéir um an nGeilleagar agus Táirgiúlacht chun a áirithiú go gcuirfimid réitigh tithíochta fhadtéarmacha ar fáil atá inacmhainne agus inbhuanaithe araon. Áireofar ar ár n-iarrachtaí comhpháirteacha obair leis an mBanc Eorpach Infheistíochta chun Ardán Infheistíochta Uile-Eorpach a fhorbairt chun infheistíocht phríobháideach agus phoiblí a chur i dtithíocht inacmhainne agus inbhuanaithe (féach an freagra ar cheist 3 freisin).

Oibreoimid freisin le bainc agus le hinfheisteoirí airgeadais laistigh den Chomhghuaillíocht Eorpach um Maoiniú Éifeachtúlachta Fuinnimh chun bearta a shainaithint chun éifeachtacht ár n-infheistíochtaí a fheabhsú agus chun infheistíochtaí príobháideacha a mhéadú. Leagadh amach mo sheasamh maidir le hathruithe ar na rialacha maidir le Seirbhísí lena ngabhann Leas Eacnamaíoch Ginearálta i mo fhreagra ar cheist 5.

Ar deireadh, faoi stiúradh an Leas-Uachtaráin Feidhmiúcháin um Aistriú Glan, Cóir agus Iomaíoch, déanfaidh mo chomhghleacaithe sa Choláiste – go háirithe an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Dhaoine agus Scileanna agus um Ullmhacht in éineacht leis an gCoimisinéir um an Aeráid, Glan-nialasacht agus Fás Glan – infheistíocht agus maoiniú a chur ar fáil tríd an gCiste Aeráide Sóisialta. Tabharfaidh sé aghaidh ar na saincheisteanna atá os comhair teaghlaigh leochaileacha atá thíos leis an mbochtaineacht fuinnimh agus iompair.

Áiritheoidh an cur chuige sin go gcomhlíonfaidh ár mbeartais tithíochta spriocanna uile-Aontais agus go mbeidh tionchar nithiúil dearfach acu ar an láthair.